Seoladh Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2018, agus tá an chéad ghlacadh ionchais beartaithe le haghaidh 2019-2020. Leanadh leis an ullmhúchán do thosach an chlár seo le linn na bliana. Tairgfidh an Institiúid thart ar 30 áit ar an gclár i mí Mheán Fómhair 2019, agus ag cur san áireamh an ardleibhéal suime sna háiteanna agus an ardleibhéal iarratas ar áiteanna ar an gclár, táimid ag súil le fáilte a chur roimh an gcohört úr seo de mhic léinn bheoga agus uaillmhianacha i mí Mheán Fómhair.

Agus muid ag bogadh i dtreo na gcéimeanna deiridh den tréimhse atá cumhdaithe i bPlean Straitéiseach 2015-2020 Institiúid Oideachais Marino, tá sé misniúil machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh agus atá fós á dhéanamh maidir leis na cuspóirí atá léirithe sa doiciméad sin a bhaint amach. Go deimhin, in 2018-2019 rinneadh a lán obair ullmhúcháin le bonn eolais a chur faoi chéad phlean straitéiseach eile na hInstitiúide. Bhí an Institiúid páirteach chomh maith i bpleanáil dhian roimh an gcéad Athbhreithníú Éifeachtúlachta agus Cáilíochta Institiúide mar sholáthraí nasctha Choláiste na Tríonaíde. Cuireadh an chéad Athbhreithníú tréimhsíúil Cláir den Bhaitsiléir san Eolaíocht (Léann Oideachais) i gcrích go rathúil chomh maith. Leanann an Institiúid ag feidhmiú go brabúsach agus le páirt a ghlacadh sa phleanáil le haghaidh fás agus forbairt fhadtéarmach.

Rinneadh athbhreithníú suntasach eagraíochtúil struchtúrach le linn na tréimhse tuairiscithe sin. Mar thoradh ar na moltaí a tháinig as an athbhreithníú sin déanfar athruithe ar struchtúr bainistíochta agus struchtúr roinne na hInstitiúide le haghaidh 2019-2020. Ba phríomhthosaíocht é an leibhéal agus an luas sin athraithe a bhainistiú agus a chinntí ag an am céanna go bhfuil an Institiúid fós tiomanta dá misean cuimsíú agus sármhaiteas a chur chun cinn san oideachas, agus baineadh é sin amach a bhúioch don tacáíocht ón gComhlacht Rialaithe, go háirithe a Chathaoirleach, an tOllamh Linda Hogan. Den chuid is mó, áfach, d'éirigh leis mar gheall ar rannpháirtíocht agus ar thacaíocht fhoireann na hInstitiúide arb iad a baill fiorfheighlithe an lasair a shoilsíonn ‘Bealach Marino’, an lasair a threoráinn sinn agus muid ag féachaint le daoine eile a spreagadh agus misneach a chur iontu trí uaillmhian theasaí a chothú nó na buicéid a líonadh go séimh.

I mo chéad Tuarascáil Bhliantúil mar Uachtaráin Institiúid Oideachais Marino, ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an tOllamh Anne O’Gara, agus le gach ball de phobal Institiúid Oideachais Marino, den am atá caite agus den am i láthair. Roinnimid ár rath le chéile.

AN DR TERESA O’DOHERTY
UACHTARÁN, INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

MISEAN & LUACHANNA INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

Tá oidhreacht bhródúil ag Institiúid Oideachais Marino as a bheith ina soláthraí ardoideachais ar feadh níos faide ná céad bliain. Bunaithe in 1905 mar ionad Oideachais, Taighde agus Teagaisc na mBráithre Críostaí, rinneadh soláthraí aitheanta d'oideachas múinteoirí den choláiste in 1929. Nuair a tugadh isteach an Baitsiléir Oideachais in 1976, rinneadh Coláiste Comhlachais de chuid Choláiste na Tríonóide d'Institiúid Oideachais Marino. Bhlátháigh an caidreamh sin le himeacht na mblianta, agus in 2011, chuaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le Cúige Eorpach na mBráithre Críostaí le bheith ina omhiontaobaithe d'Institiúid Oideachais Marino.

Sonraítear i Misean Institiúid Oideachais Marino:

Arna spreagadh ag fíos na Críostaíochta, is pobal teagaisc agus foghlama é Institiúid Oideachais Marino atá tiomanta do chuimsiú, do cháiilíocht agus do shármhaitheas san oideachas a chur chun cinn. Tá dínit agus acmhainn gach duine lárnach dar saol, dár n-obair, agus dár seirbhís.

Is é ár bhfís fhadtéarmach d’Institiúid Oideachais Marino:

Go mbeidh Institiúid Oideachais Marino ina hionad lena mbeidh iarmhairt dhomhanda, sa teagasc agus sa taighde i réimse an oideachais.

Trí chomhoibriú agus trí theicneolaíocht, leathnóimid ar dteorainneacha geografacha agus cruthóimid móiminteam chun cláir úra, ardchaighdeáin, nuálacha a sheachadadh san oideachas. Forbróimid mais chríticiúil do thaighde den scoth i gcompháirtíocht le dreamanna eile, agus cothóimid naisc ollscoile-scoile-pobail a chuirfidh le feabhas inbhuanaithe agus athnuachan ar fud an chórais oideachais ar fad.

Leathnóimid ár dtiomantas agus ár saineolas sa réimse um chuimsiú trí leanúnach le taighde a dhéanamh agus cláir oideachais a sholáthar chun daoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta a chumhachtú.

Stiúrfaimid idirphlé náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hiolrachas agus éagsúlacht i dtimpeallachtaí oideachais.

Eagrú agus Rialachas

Bunaíodh Institiúid Oideachais Marino mar lontaobhas Carthanais trí Ghníomhas arna dhátú Deireadh Fómhair 1991. Tá sí cláraithe leis an Údarás Rialaithe Carthanas (Uimh. 20054786) agus tá sí aitheanta ag an Coimisinéirí mar institiúid a bhfuil stádas carthanais aici (CHY 15693). Is iad lontaobhaithe na hInstitiúide dhá ainmní d’Fhoireann Ceannaireachta Chúige Eorpach na mBráithre Críosaí agus dhá ainmní de Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Feidhmíonn Bord Rialaithe Institiúid Oideachais Marino faoi lonstraim Rialachais, a athbhreithníodh i mí an Mheithimh 2016 an uair is déanaí. Tá an Bord Rialaithe freagrach as gnóthaí uile na hInstitiúide a rialáil agus a rialú i gcomhréir le rún na nlontaobhaithe, arna léiriú sna Prionsabail Treorach.

1. Bí éacúiméineach agus bíodh meas agat ar gach pobal creidimh
2. Cuir gné ládir oideachais múinteoirí ar fáil
3. Tacaigh le misean an oideachais Chaitlicigh trína éiteas a chur in iúl agus trí shamplacha a mholadh lena chur chun feidhme
4. Cláir oideachais a chur ar fáil chun daoine bochta agus daoine faoi mhíbhuntáiste a spreagadh agus a chumhachtú.
5. Cothaigh pobal foghlama atá duinelárnach, ina bhfuil meas ar dhifríochtaí daoine aonair agus atá inrochtana do dhaoine faoi mhíbhuntáiste
6. Cuidigh le tuismitheoirí freagrachtaí a róil mar oideoirí a chomhlónadh
7. Bíodh meas agat ar gach duine atá ar thóir na firinne agus cosain a gceart chun eolas nua a chuardach pé toradh a mbeidh air

LÉARGAS DE BHЛИAIN IN INSTITIÚID



BEALTAINE 2018

Thug an tOllamh Pasi Sahlberg cuairt ar Institiúid Oideachais Marino
D'éirigh an tOllamh Anne O'Gara as mar Uachtarán Institiúid Oideachais Marino
Ceapadh an Dr. Teresa O'Doherty mar Uachtarán Institiúid Oideachais Marino



MEÁN FÓMHAIR 2018

Lainseáil an tAire Oideachais, an tráth sin, Richard Burton T.D. an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge go hoifigiúil.
D'éirigh an Bráthair Joe O'Neill as mar eagarthóir ar Marino Matters, i ndiaidh 21 bliain agus 220 eagrán
Dóstáil Institiúid Oideachais Marino *ePortfolio Ireland Unconference: Unravelling eportfolios – unconference & unarticle*



IÚIL 2018

Bhí os cionn 14 chúrsa ar bhonn aghaidh le haghaidh i gClár Cúrsáí Samhraidh seachtaíne Institiúid Oideachais Marino

2018



Creative Arts
Summer School

MEITHEAMH 2018

Thug Scoil Samhraidh na nEalaón Cruthaitheach cuairt ar Institiúid Oideachais Marino den chéad uair



SAMHAIN 2018

Bhuaigh foireann peile na mban ag Institiúid Oideachais Marino Craobhchomórtas Shraith 5 Rannán HEC Pheil Ghaelach na mBan, Gourmet Food Parlour

D'fhreastail os cionn 600 cuairteoir ar Lá Oscailte Institiúid Oideachais Marino

Dóstáil Institiúid Oideachais Marino Craobhchomórtas Náisiúnta SciFest

Dóstáil Institiúid Oideachais Marino Comhdháil Bhliantúil Chumann Litearthachta na hÉireann

Seoladh *Minority Language Pupils and the Curriculum: Closing the Achievement Gap* arna chur in eagair ag an Dr. Barbara O'Toole agus an Dr Barbara Skinner ag Comhdháil Náisiúnta Chumann Litearthachta na hÉireann

Sheol David Stanton T.D., an tAire Stáit le Freagrácht as Comhionannas, Imirce agus Imeascadh, Clár Naics an tionscadail maidir le Muínteoir Inimirceach a Oileadh Thar Lear.



LÚNASA 2018

Cheiliúir an Bráthair Al Naughton a 70ú lubhaile mar Bhráthair Criostaí Sholáthair an Dr Marie Whelton an Chéad Léamh ag Aifreann an Phápa i bpáirc an Fhionnuisce

DEIREADH FÓMHAIR 2018

Thionóil 'Wilson Grads' ó 1978 teacht le chéile ar an gcampas i ndiaidh 40 bliain Lainseáil Simon Harris T.D., an tAire Sláinte agus an Dr. Teresa O'Doherty *Listen to the Sky/Éist leis an Spéir*, le Elaine Harris, arna mhaisiú ag Emily Veale agus arna aistriú ag Claire Dunne agus Chris McDowell Mar chuid de chomóradh INTO150, dóstáil Institiúid Oideachais Marino díospóireacht ar an téama 'An Ghaeilge agus an Muínteoir Bunscoile' Lainseáil an Dr. Teresa O'Doherty *Just Connections, Just Trade A Teaching Resource about Africa*

OIDEACHAIS MARINO

2018 – 2019



NOLLAIG 2018

Tháinig mic léinn Institiúid Oideachais Marino le chéile lena dteaghlach agus lena gcairde lena mbronnadh céime a cheiliúradh

Fógraíodh faighteoiri Sparánacht 1916 Institiúid Oideachais Marino

Seoladh tionscnamh Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath



MÁRTA 2019

D'óstáil Aontas Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino imeacht *Strictly Come Dancing* chun airgead a bhailíú do Chiste Seán Cox

D'óstáil Institiúid Oideachais Marino sraith imeachtaí i gcomhair Sheachtain na Gaeilge

Tháinig deireadh oifigiúil leis an tionscadal Múinteoirí Uilechuimsitheacha a Chumhachtú don Lá Innui agus don Todhcháí



BEALTAINE 2019

D'óstáil Institiúid Oideachais Marino imeacht chun clár idirnáisiúnta agus staidéir thar lear na hInstitiúide a chomóradh



EANÁIR 2019

Bhain mic léinn ón Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) a gcéim amach

D'óstáil an tionscadal *Storytime* a 18ú searmanas bronnta céime

D'fhreastail daichead Múinteoirí

Inimirceach a Oileadh Thar Lear ar an gcéad lá de Chlár Naisc an Tionscadail Múinteoirí Inimirceach



AIBREÁN 2019

Mic léinn ón gclár BSc. Chuir ECE a dtraighe i láthair ag Comhdháil Luath-Óige na hÉireann

Tionóladh Féile thosaigh seachtaine Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath

D'fhreastail baill foirme Institiúid Oideachais Marino ar Chruinníú Bliantúil Chumann Oideachais agus Taighde Mheiriceá in Toronto



FEABHRA 2019

Bhuaign foireann shinsearach peile Institiúid Oideachais Marino Corn na Macléinn Shield Mar chuid den tionscadal DICE, thug Tomi Reichental, marthanóir ón Uileloscadh, caint ar a eispéisí i gcampá géibhinn Bergen-Belsen le linn an Dara Cogadh Domhanda



MEITHEAMH 2019

D'éirigh Miriam Lambe as mar Phríomhleabharlannaí Institiúid Oideachais Marino i ndiaidh 25 bliain

01

TEAGASC & FOGHLAIM



1.1 POBAL MARINO



Déanann Institiúid Oideachais Marino pobal cairdiúil uilechuimsitheach scoláirí, mic léinn agus an fhoireann acadúil araon, agus foirne seirbhísí riarrachán/gairmiúla a chothú agus a chur chun cinn. Is é an leibhéal pobail sin croílár uathúlacht Marino agus mealltar mic léinn chuici ó gach cúrla agus eispéireas socheacnamaíoch.

Bhí 1,041 mac léinn fochéime agus iarchéime ann in 2018-19, rud a léiríonn méadú 13% ar lín na mac léinn i gcomparáid leis an bhfigiúr a cláraíodh in 2017-18. Astu sin tháinig 93% díobh as 28 contae ar fud oileán na hÉireann, agus tháinig an 7% eile ó thíortha neamh-AE. In 2018-19, mná a bhí in 83% de dhaonra na mac léinn agus fir a bhí i 17% díobh, agus bhí 77% de na mic léinn ar fad cláraithe ar chláir fochéime, agus bhí 23% dóibh cláraithe ar chláir iarchéime.

Coimeádann Institiúid Oideachais Marino 15% d'áiteanna ar chúrsaí fochéime do HEAR (Bealach Rochtana ar an

Ardoideachas), DARE (Bealach Rochtana Daoine faoi Mhíchumais ar an Oideachas) agus mic léinn aibí. In 2018/2019, d'iontráil 11 mhad léinn trí HEAR agus 10 mac léinn trí DARE. Mar sin féin, ag teacht leis an lín mac léinn atá ag meádú ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle san ardoideachas, bhí deontais SUSI á bhfáil ag 34% de na mic léinn ar fad a d'iontráil Institiúid Oideachais Marino tríd an bpróiseas CAO.

Tá an Institiúid tiomanta do mhéadú a dhéanamh ar an rochtain ar a soláthar clár agus, mar chuid de Bhraisle Laighean Cholún 1, tá sí rannpháirteach go hiomlán le Clár ÚAO le haghaidh Rochtana ar an Ardoideachas (PATH). Tá Institiúid Oideachais Marino ina páirtí sna tionscnaimh PATH seo a leanas: an tionscadal 'I can Teach', atá comhordaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi shraith PATH 1; Clár Sparánacht 1916 faoi Shraith PATH 2, atá comhordaithe ag COBÁC; agus an tionscadal 'Bridges to Education', atá comhordaithe ag COBÁC faoi Shraith PATH 3.

1.2 IONTRÁLACHA IN INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO



Rinne beagnach 3,300 mac léinn iarratas tríd an CAO in 2018 ar iontráil ar chláir Institiúid Oideachais Marino. Léiríodh an méadú ar éileamh i méadú ar an íosriachtanas phointí CAO le haghaidh áiteanna ar chúrsaí le haghaidh 2018/2019. Bhain an méadú is suntasaí ar phointí le céim Bhaitsiléara

Institiúid Oideachais Marino sa Teagasc Bunscoile, ar ar tháinig méadú ó 451 go 462, agus tháinig méadú ar an riachtanas pointí le haghaidh céim Bhaitsiléara Institiúid Oideachais Marino san Eolaíocht (Léann Oideachais) chomh maith, ag méadú ó 315 go 326 pointe.

1.3 AN CURACLAM – CÚRSAÍ SEANBHUNAITHE AGUS CÚRSAÍ ÚRA



Thairg Institiúid Oideachais Marino na cúrsaí seanbhunaithe seo a leanas in 2018-19:

- Baitsiléir Oideachais
- Baitsiléir san Eolaíocht sa Léann Oideachais
- Baitsiléir san Eolaíocht san Oideachas Luath-Óige
- Teastas sa Spioradáltacht agus Forbairt an Duine
- Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)
- Máistir Ghairmiúil sa Teagasc (Teagasc Bunscoile)
- Máistir sa Léann Oideachais (Oideachas Luath-Óige)
- Máistir sa Léann Oideachais (Ceannaireacht na Críostaíochta)

Tairgeadh na clár seo a leanas den chéad uair in 2018:

- Máistir sa Léann Oideachais (Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha)
- Máistir sa Léann Oideachais (Foghlaim bunaithe ar Fhiosrú)
- Máistir sa Léann Oideachais (Na hAmharcealaíona)

1.3.1 Clár á Fhorbairt: Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

Is í Institiúid Oideachais Marino an chéad soláthraí i stair an stáit Baitsiléir Oideachais (Teagasc Bunscoile) fhochéime go hiomlán trí mheán na Gaeilge a thairiscint. Indiaidh dhámhachtain chonradh na Roinne Oideachais agus Scileanna d’Institiúid Oideachais Marino chun an Baitsiléir Oideachais úr seo a thairiscint i mí Feabhra 2018, ghlac Institiúid Oideachais Marino páirt i dtionscadal marthanach chun an clár, ábhair agus acmhainní bainteacha a forbairt, agus chun an clár a chur chun cinn i measc iarrthóirí ionchasacha. Fuarthas Creidiúnú na Comhairle Múinteoirreachtá i gcomhair an chláir i mí lúil 2018 agus sheol an tUasal Richard Burton, TD, an tAire Oideachais, an clár i Meán Fómhair, á luadh mar gharsprioc shuntasach in oideachas na hÉireann. D'oibrigh Institiúid Oideachais Marino go comhoibríoch le

Coiste Monatóireachta Chlár na Roinne le linn na bliana acadúla. Thug Oifigeach Margaochta Institiúid Oideachais Marino cuairt ar 71 scoil ar fud na tíre, lena n-áirítear na Meánscoileanna Gaeltachta ar fad. Tá láithreacht na meán ina príomhfoisc san fheachtas margaochta agus reáchtáiltear leathanach Instagram Institiúid Oideachais Marino, a seoladh i Meán Fómhair 2018, trí mheán na Gaeilge. Seoladh a leathanach Twitter féin i gcomhair an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge chomh maith agus chuir an tOifigeach Margaochta an clár chun cinn ar Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Fáilte agus ar RTÉ Raidió 1, chomh maith le hagallaimh a thabhairt do nuacht TG4. Cláróidh na chéad mhic léinn ar an gclár seo ag Institiúid Oideachais Marino i Meán Fómhair 2019.

Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge



1.4 CLÁR BUNAIDH IDIRNÁSIÚNTA NA TRÍONÓIDE

Gné thábhachtach de chuid sholáthar Institiúid Oideachais Marino is ea Clár Bunaidh Idirnásiúnta na Tríonóide, ar clár réamh-fhocchéime bliana é, a dhíritear ar scileanna cuí foghlama agus acadúla Béarla agus disciplín-sonrach a fhoghlaim do mhic léinn idirnásiúnta chun iad a ullmhú chun staidéar fochéime lánaimseartha a dhéanamh ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ag Institiúid Oideachais Marino. Cuimsítear sa chlár croí-mhodúil Bhéarla chun Críocha Acadúla agus an Mhatamaitic chomh maith le modúil a bhaineann go sonrach le hábhar sa dá phríomhshruth, is iad sin, Innealtóireacht agus Eolaíocht



& Gnó agus Eacnamaíocht agus na hEolaíochtaí Sóisialta. Sa bhliain acadúil 2018/19, chláraigh 76 mac léinn leis an gclár. Bhí sé náisiúntacht déag sa chorpas mac léinn agus ba as an tSín (31 mac léinn), Cuáit (27 mac léinn) cion mór den chorpas mac léinn. Áirítear ar thíortha eile an Tuirc (5 mhac léinn), an Rúis agus an Úcrain (3 mhac léinn), an tSeirbia, an Tansáin, Hong Cong, an Éigipt agus roinnt tíortha Murascaille. Tá formhór na mac léinn ag féachaint le dul ar aghaidh go dtí cursaí a bhaineann leis an eolaíocht agus teicneolaíocht sláinte agus roghnaigh thart ar thriant dóibh cláir fhochéime gnó agus na heolaíochta sóisialta.

1.5 CÁILÍOCHT



Mar Choláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, tá tiomantas géilliúil ag Institiúid Oideachais Marino do chálíocht, agus déanann an Institiúid gach iarracht le haghaidh feabhas leanúnach trí léiriú ionraic, tréadhearcach agus criticiúil ar na gníomhaíochtaí ar fad a dhéantar chun á misean a bhaint amach. Glacann Institiúid Oideachais Marino go fonnmar leis an deis lena léiriú go bhfuil gach gnás oiriúnach don fheidhm agus go gculoíonn siad leis an reacthaíocht, rialachán agus dea-chleachtas.

Tá ról tábhachtach ag Comhairle Acadúil Institiúid Oideachais Marino maidir le maoirseacht a dhéanamh ar dheimhniú agus ar fheabhas cálíochta, maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfreagrachtaí dearbhaithe cálíochta agus maidir le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar thortháí agus ar phróisis an dearbhaithe cálíochta. Cuimsítear tuarascála ar chruinnithe na Comhairle Acadúla ar an gclár oibre do chruinniú an Bhoird Rialaithe ina dhiaidh sin.

Comhchoiste is ea Coiste Céimeanna Coláistí Cleamhnaithe Institiúid Oideachais Marino atá comhdhéanta de Choláiste na Tríonóide agus Institiúid Oideachais Marino, faoi chathaoirleacht Chláraitheoir Choláiste na Tríonóide. Nascann an coiste sin próisis dearbhaithe cálíochta Institiúid Oideachais Marino agus cinn na hollscoile. Faomhann Comhairle na hOllscoile nósanna imeachta um dhearbhú cálíochta. Déanann Coiste Céimeanna Coláistí Cleamhnaithe Institiúid Oideachais Marino maoirseacht ar phróiseas faofa na gclár úr agus athbhreithnithe bliantúla cláir, ainmníonn sé scrúdaitheoirí seachtracha lena gceapadh agus

déanann sé maoirseacht ar na pleananna gníomhaíochta a thagann as na tuarascála sin agus ar athruithe ar rialacháin na gclár.

Is é is sprioc leis na struchtúir sin ionracas na bpróiseas agus na gcaighdeán acadúil san institiúid a chosaint agus a chinntí go ndéanfar cinntí faoin bpearsanra agus acmhainní eile chun teacht le feasanna oideachais gach mic léinn.

Mar chuid dár bpróiseas dearbhaithe cálíochta i 2018-19 rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an gclár B.Sc. sa Léann Oideachais. Tá an clár ina ochtú bliain anois agus tá 121 cláraithe leis. Ar aon dul le Nósanna Imeachta um Athbhreithniú Clár Institiúid Oideachais Marino bhí trí ghné san athbhreithniú: tiomsú Tuarascála Féinmheasúnaithe (SAR); cuairt trí lá ar an láithréan a rinne painéal athbhreithnithe seachtrach, lena n-áirítear grúpaí fócais le mic léinn, baill foirne, fostóirí, céimithe agus soláthraithe socrúcháin chomh maith le cásanna taispeántais obair na mac léinn; agus forbairt pleán cur chun feidhme bunaithe ar thortháí an athbhreithnithe. Ba iad seo a leanas comhaltaí an phainéal sheachtraigh: An tOllamh Linda Clarke, Stiúrthóir Taighde (Oideachas) ag Ollscoil Uladh, Campas Chúil Raithní; an Dr. Estela Costa, Leascheann, an Institiúid Oideachais, University of Lisbon; agus an Dr. Patrick Meehan, Léachtóir Sinseach, Canterbury Christchurch University. Soláthraítéar aiseolas tábhachtach ó na tuarascála a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú sin ar an gclár acadúil agus cuireann siad le tuilleadh forbartha ar an gceim.

1.6. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TEAGAISC & FOGLAMA



1.6.1 SOGHLUAISTEACHT MAC LÉINN

Cláir Staidéir Thar Lear Amach agus Isteach arna maoiniú ag Erasmus+

Céim nuaghinte is ea soghluaiosteacht mac léinn d'fhorbairt ag Institiúid Oideachais Marino, ach tá gníomhaíochtaí tábhachtacha cothaithe caidrimh á bhforbairt chun na deiseanna le haghaidh idirnáisiúnú gach cláir a mhéadú. Ghlac cúig mhac léinn de chuid Institiúid Oideachais Marino páirt i gcláir staidéir thar lear i mbliana, agus seimeastar á chaitheamh ag triúr acu in NHL Stenden san Ísiltír agus seimeastar á chaitheamh ag beirt acu in Canterbury Christchurch University sa Ríocht Aontaithe. D'óstáil Institiúid Oideachais Marino chéad mhac léinn isteach Erasmus+ in 2018/9 ó Universitat Autònoma de Barcelona (UAB). Táthar ag súil go méadóidh sé sin go dtí ocht mac léinn isteach in 2019/20 ó UAB, IPS Setubal, an Phortaingéil, Universidad Europea del Atlántico (UNEATLANTICO), Santander, an Spáinn, agus Canterbury Christchurch University, an Ríocht Aontaithe.

Clár Idirnáisiúnta Teagaisc Mac Léinn Bridgewater State University

Tá caidreamh seanbhunaithe ag Institiúid Oideachais Marino le Bridgewater State University (BSU) trína Chlár Idirnáisiúnta Teagaisc Mic Léinn. Soláthraítear le Clár Idirnáisiúnta Teagaisc Mic Léinn BSU deis do mhic léinn fhochéime agus iarchéime oideachais chun ocht gcinn dá socrúchán riachtanacha teagaisc mac léinn a dhéanamh i scoileanna thar lear. Tá Éire, trí Institiúid Oideachais Marino, ina ceann scríbe le fad mar chuid den chlár seo. In

2018/19, d'óstáil Institiúid Oideachais Marino cúig mhac léinn BSU, triúr acu i dtéarma an fhómhair agus beirt acu i dtéarma an earraigh.

Tionscadal Malartaithe Mic Léinn Múinteora Thuaidh Theas

Tá Institiúid Oideachais Marino ina rannpháirtí i dTionscadal Bliantúil Malartaithe Mic Léinn Múinteora Thuaidh Theas arna mhaoiniú ag SCoTENS agus arna bhainistiú ag an Lár Ionad um Staidéar Trastearann. Mar chuid de thionscadal 2018/19, thug dhá mhac B.Ed.3 de chuid Institiúid Oideachais Marino faoi shocrúchán trí seachtainí i mbunscoileanna i mBéal Feirste. Tá sé mar aidhm leis an gclár teorainneacha a shárú, claontacht a laghdú agus comhar a mhéadú mar thoradh air sin.

Cuairteanna Staidéir Gairide

D'óstáil Institiúid Oideachais Marino ceithre chuairt staidéir gairide ónár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Caith dhá grúpa de 30 mac léinn ó NHL Stenden san Ísiltír seachtain ar chlár cultúrtha agus oideachais ag Institiúid Oideachais Marino, grúpa amháin ag teacht i mí Feabhra agus an dara grúpa ag teacht i mí an Mheithimh. Chomh maith leis sin, óstáladh mic léinn ó Canterbury Christchurch University i Sasana i Márta agus óstáladh trí mhac léinn ó Karel de Grote University, Antuair, an Bheilg in Aibreán. Trí chomhpháirtíocht le bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal comhoibríocha, tairgeadh deiseanna do na mic léinn sin chun teagasc/breathnadóireacht a dhéanamh i scoileanna na hÉireann mar chuid dá gcláir.

1.6.2 SOGHLUAISTEACHT NA FOIRNE

Leanann Institiúid Oideachais Marino le bheith páirteach sa chlár Soghluaiosteachta Bhaill Foirne Erasmus+ chun deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne oiliúint nó teagasc a dhéanamh thar lear.

- Thug an Dr. Michael Flannery cuairt ar Canterbury Christchurch University (CCU) i Meán Fómhair 2018 le breathnú ar conas a theagascann léachtóirí CCU na hamharcealaíona do chomhthéacsanna na seomraí ranga bunscoile comhaimseartha agus conas a dhéanann siad measúnú ar bhuneolas ábhair oideolaíoch na múinteoirí faoi oiliúint chun na hamharcealaíona a theagasc. Rinneadh sé iniúchadh chomh maith ar an dóigh a bpléann CCU na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le cuimsiú, comhtháthú agus úsáid TFC sna hamharcealaíona laistigh dá gcláir ITE.
- Thug an Dr. Claire Dunne cuairt ar Bangor University i mí Aibreán 2019 chun breathnú ar an dóigh a reáchtálann an ollscoil a B.Ed. seanbhunaithe trí mheán na Breataine. Chuidigh an tsoghluaisteachta sin le naisc a bhunú le tacadóirí teangacha mionlaigh eile agus chuidigh sé chomh maith le gnéithe de shamhail B.Ed. trí mheán na Breataine a shainaithint ar féidir iad a oriúnú do chomhthéacs na Gaeilge.

1.6.3 NUÁLAÍOCHT SA TEAGASC AGUS SAN FHOGHLAIM

Cúrsaí ar Líne

Leanatar de chúrsaí ar líne a sholáthar go tapa in Institiúid Oideachais Marino agus cruthaíodh modúil úra ar líne ag baint úsáid as prionsabail deartha teagaisc ADDIE (Anailís, Dearadh, Forbairt, Cur chun Feidhme agus Meastóireacht) le léachtóirí céasáin. Airíodh leo siúd dhá mhodúil síceolaíochta úra, ábhar dioplóma FE úr, trí sheisiún oiliúna RGCS, naisc le spás úr Tusla don fhoireann go léir, ábhar Tionscadail Múinteoirí Iimirceach, cur i bhfeidhm leanúnach dhá chúrsa ar líne EREBB, agus ábhar Matamaitice úr.

Lena chois sin, d'óstáil Institiúid Oideachais Marino cùig chúrsa samhraidh intí ar líne, agus ghlac os cionn 300 rannpháirtí páirt iontu le linn mhí lúil 2019. Bhí na rannpháirtithe múinteoirí ábalta clárú iad féin agus nuair a bhí na céimeanna riachtanacha ar fad déanta acu ina gcúrsa samhraidh ar líne, bronnadh teastas críochnúcháin orthu a gineadh go huathoibríoch, bunaithe ar shamhail scaoilte critéar. Leis an ‘uathoibriú’ sin cinntítear go mbeidh eispéireas feabhsaithe ar líne ag na rannpháirtithe múinteoirí agus gur féidir leo a dteastais féin a phriontáil in am dá bhfilleadh ar an scoile i mí Mheán Fómhair. Bhí an Rannóg TF páirteach chomh maith in ábhar úr aghaidh le haghaidh a chruthú le haghaidh ábhair na dteicneolaíochtaí cruthaitheacha ar an Máistreacht i bhFoghlaim Bunaithe ar Phiosrú, a seachadadh thar thrí dheireadh seachtaine i mí Feabhra 2019.

Tionscadal Idirnáisiúnta Foghlama ar Líne (OIL)

D'oibrigh Institiúid Oideachais Marino agus Canterbury Christchurch University i gcomhar i bhforbairt tionscadail idirnáisiúnta foghlama ar líne. Is éard a bhí i gceist leis sin gur oibrigh mic léinn B.Sc. na Chéad Blíana sa Léinn Oideachais ó Marino agus mic léinn na chéad blíana in Canterbury le chéile ar spás ar líne ar thopací a bhain leis an dá chlár. Ghlac an dá ghrúpa mac léinn páirt i seimineár gréasáin ar líne i Márta 2019 agus uaslódáladh póstaí an ansin ar thairseach chomhroinnt ar an téama éagsúlachta agus cuimsithe.

An bhfuilimid Réidh? An tAistriú a Dhéanamh ó Ábhar a Sheachadadh go Bheith ina nÉascaitheoirí Foghlama


Tionóladh an Seimineár *An bhfuilimid Réidh? An tAistriú a Dhéanamh ó Ábhar a Sheachadadh go Bheith ina nÉascaitheoirí Foghlama*, arna mhaoiniú ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoreachta agus Foghlama mar chuid den tsraith Seimineár Náisiúnta, i Marino i mí Eanáir 2019. Tríd an seimineár, trí sheisiúin chomhroinnt ar stíl fóraim oscailte ‘gasta’/ chomhdála neamhstruchtúrtha, seisiún mhachnamhacha agus ceardlann FGL spriocdhírithe, tugadh deis do na rannpháirtithe breithmheas a dhéanamh ar réadúlacht na gcomhthéacsanna foghlama do mhic léinn agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an tríú leibhéal; chun machnamh a dhéanamh ar a ról mar léachtóirí HEI agus an t-aistriú á dhéanamh acu ó ábhar a roinnt trí leachtaí a sheachadadh go bheith ina n-éascaitheoirí léachtá i dtimpeallacht dhinimiciúil foghlama dírithe ar mhic léinn; go bheith ag cur le fóram chun dea-chleachtas ag sainchleachtóirí tríú leibhéal a roinnt; go bheith ag baint leas as uirlisí teicneolaíocha nuálacha ar féidir iad a úsáid sa rang chun rannpháirtíocht na mac léinn a éascú agus chun pleáiní don mhac léinn ag lár an phróisis foghlama agus dóibh féin mar éascaitheoir an phróisis foghlama. Mheall an seimineár rannpháirtithe as an earnáil HEI ar fad agus stiúir an Dr. Julie Uí Choistealbha agus an Dr. Aiveen Mullally é.

Unravelling ePortfolio Unconference

Tionóladh an *Unravelling ePortfolio Unconference* i Marino Dé hAoine, 7 Meán Fómhair 2018. Ba é Coiste Stiúrtha ePortfolio Ireland (an Dr. Julie Uí Choistealbha; Institiúid Oideachais Marino, an Dr. Orna Farrell; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Karen Buckley; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Lisa Donaldson; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) a d'eagraigh an t-imeacht agus bhí sé maoinithe ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoreachta agus Foghlama agus urraithe ag Institiúid Náisiúnta na Foghlama Dígití, Institiúid Oideachais Marino, Enovation agus Pebblepad. Baineadh úsáid san imeacht sin as cur chuige comhdhála neamhstruchtúrtha faoi stiúir rannpháirtithe chun tacú le hinníúlachta ríomhphunainne agus iad a fhorbairt trí chuir i láthair dhinimiciúla. Áiríodh ar an lá chomh maith scríbhneoireacht chomhoibríoch de shraith ‘ailt neamhstruktúrtha’ cuir i láthair ó mhic léinn, agus seoladh ríomhleabhar an Mheasúnaithe Ríomhphunainne thíos.

An bhfuilimid Réidh? Seimineár





02 CUIMSIÚ AGUS COMHIONANNAS

Tá tiomantas do chuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht i gcroílár obair Institiúid Oideachais Marino. Stiúrann an Institiúid dhá thionscadal náisiúnta thábhachtacha lena bhféachtar le daonraí na múinteoirí laistigh den stát a éagsúla (Tionscadal Múinteoirí Imirceach agus Tobar).

2.1 TIONSCADAL MÚINTEOIRÍ IMIRCEACH



Féachtar leis an Tionscadal Múinteoirí Imirceach méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na múinteoirí imirceach in earnáil bunscoile agus iarbunscoileanna na hÉireann. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus trí Chistí Náisiúnta um Imeascadh. Chuir foireann an Tionscadail Múinteoirí Imirceach fáilte roimh David Stanton T.D., an tAire Stáit le Freagracht as Comhionannas, Imirce agus Imeascadh, chuig an Institiúid ar an 14 Samhain chun Clár Naisc an tionscadail maidir le Múinteoirí Inimirceach a Oileadh Thar Lear a sheoladh. Tacaíonn an Clár Naisc le múinteoirí ó chúlraí inimirceach

ag a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta teagaisc, agus a bhfuil cónaí orthuanois in Éirinn, chun foghlaim faoi oideachas, curaclaim agus struchtúir na hÉireann, chun tacú leo fostáocht a fháil i scoileanna in Éirinn. Rinneadh an clár páirtaimseartha á reáchtáil ar dtús ó Eanáir-Bealtaine 2019 agus bhain 34 múinteoir as 17 téir céim amach ón gclár an 4 Iúil 2019. Agus an tábhacht a bhaineann leis an gclár a haithint aige, bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D. a dTeastais ghnóthachtála ar na múinteoirí.

2.2 TOBAR



Tá an tionscadal Tobar maoinithe faoi Chlár ÚAO don Chlár le haghaidh Rochtana ar an Ardoideachas (PATH) agus is idirghabháil é atá dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht Thaistealaithe na hÉireann sna clár um Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Cuireadh túis leis an tionscadal trí bliana seo i mí Mheán Fómhair 2018 agus baineann sé le seachadadh ceardlann i scoileanna

chomh maith le meantóireacht duine le duine le mic léinn ionchasacha do chláir an Bhaitsiléara Oideachais agus na Máistreachta Oideachais. Tá gealladh láidir faoi dhul chun cinn an tionscadail go dtí seo. Rinne foireann an tionscadail naisc shuntasacha le scoileanna agus le grúpaí pobail agus tá sé tuartha go rachaidh líon mac léinn ar aghaidh trí Tobar agus isteach sna cláir ITE don blhiaín acadúil 2019/20.

Tionscadal Múinteoirí Imirceach



2.3 OIDEACHAS FORBARTHA AGUS IDIRCHULTÚRTHA (DICE)



Tionscnamh náisiúnta comhoibríoch oideachais is ea Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha lena gcuirtear chun cinn comhtháthú an oideachais forbartha agus an oideachais idirchultúrtha in Oideachas Tosaigh Múinteoirí ar leibhéal bunscoile. Chomh maith le tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun oideachas forbartha a chur san áireamh i ngnáthobair laethúil na múinteoirí faoi oiliúint agus iad ag ullmhú le teagasc

i scoileanna, d'eagraigh foireann DICE ag Institiúid Oideachais Marino craoitheadh éagsúla, réamhghníomhaíochta agus machnamhacha le linn Earrach 2019. I measc na gcainteoirí bhí James Gallen, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Tomi Reichental, marthanóir ó Uileoscadh, agus Hannah McGinley, mac léin PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a labhair faoina heispéis ag obair san earnáil oideachais.

2.4 JUST CONNECTIONS, JUST TRADE



Is gné thábhachtach de chuid obair Institiúid Oideachais Marino é acmhainní teagaisc agus foghlama a chur ar fáil do scoileanna. Bhí foilseachán *Just Connections, Just Trade: A Teaching Resource about Africa* i nDeireadh Fómhair 2018 tacaithe ag Deontas Forbartha Chúnamh Éireann, agus ba é Lóchrann, an tlonad Oideachais Idirchultúrtha ag Institiúid Oideachais Marino a sholáthar é, i gcomhar le Proudly Made in Africa (ENR). Ceapadh an acmhainn sin le tacú le múinteoirí bunscoile rang 5 agus rang 6 maidir le teagasc faoin domhan i gcoitinne agus maidir le saoránacht dhomhanda a fhorbairt i ndáil le réimsí curaclaim amhail SESE agus SPHE.


Déantar iniúchadh ann ar thopaidí amhail idirspleáchas agus domhandú, caidreamh trádála, agus roghanna tomholtóiri, i dteanga atá oiriúnach do pháistí, agus trí réimse modheolaiochtaí gníomhacha agus rannpháirteacha ionas go mbeidh páistí ábalta ceisteanna casta a thuiscint agus déileáil leo. Lena chois sin, déantar iniúchadh ann ar cheisteanna trádála domhanda agus dearcadh ar thíortha na hAfraice mar chomhpháirtithe cothroma trádála agus eacnamaíochta á chur chun cinn. Ba é Tom Larkin, Liz Morris, Conall O'Caoimh, Penelope Muzanenhamo, Barbara Wilson, agus Barbara O'Toole a scríobh an acmhainn.

2.5 MINORITY LANGUAGE PUPILS AND THE CURRICULUM: CLOSING THE ACHIEVEMENT GAP



Seoladh *Minority Language Pupils and the Curriculum: Closing the Achievement Gap* ag Comhdháil Chumann Litearthacha na hÉireann i mí na Samhna. Arna chur in eagair ag Barbara Skinner agus Barbara O'Toole, tá an foilseachán seo bunaithe ar chuir i láthair a rinneadh ag dhá sheimineár maidir le Béarla a Theagasc mar Theanga Bhreise, a tionóladh ag Ollscoil Uladh i gCúil Raithní

agus ag Institiúid Oideachais Marino in 2017. Bhí na seimineáir sin tacaithe le maoiniú ón mBuanchomhdháil maidir le hOideachas Múinteoirí sa Tuaisceart agus sa Deisceart (SCoTENS) mar aon le maoiniú ó Ollscoil Uladh agus Institiúid Oideachais Marino agus fuarthas scríbhneoirí seimineáir agus scríbhneoirí caibidí ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann, ón mBeilge, ó Shasana agus ó Albain.

A photograph of two men in business attire. One man, wearing a dark blue suit and a polka-dot tie, is smiling and shaking hands with another man whose back is to the camera. They appear to be in an office setting with large windows in the background.

03 TAIGHDE & FORBAIRT

3.1 SOLÁTHAR UM MAOINIÚ TAIGHDE



Tá an Institiúid fós gníomhach i gcomhthéacs soláthair um maoiniú chun gníomhaíocht taighde agus tionscadal a choimeád. Sa tréimhse 2018/2019, bhí an Institiúid páirteach i gconarthaí, tairiscintí agus deontais dar luach €6.3 milliún. Aithníonn an Institiúid an luach a bhaineann lena gníomhaíocht taighde a mhaoinítear go seachtrach a éagsúlú, chun saineolas taighde a fairne a chomhlánú, tacú leis agus é fheabhsú. Coimeádann an Institiúid cur chuige timthriall a um maoiniú tionscadal

gníomhach chun díriú ar an maoiniú ábhartha agus é a fháil ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Bhunaigh an Institiúid punann éagsúl tionscadal maoinithe a thagann lena cuspóirí straitéisearcha. Leanfaidh an Institiúid ag baint leasa as a líonra taighde atá ag fás chun maoiniú a fháil le haghaidh tionscadail ardchaighdeáin mar chuid dá príomhghníomhaíocht straitéisearch agus oibriúcháin.

3.2 TIONSCADAL TAIGHDE CNCM/CNT: BAINTEACHT, RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT NA DTUISMITHEOIRÍ I BHFOGHLAIM A BPÁISTÍ LE LINN BHLIANTA NA BUNSCOILE



In mí na Samhna 2017, rinne Institiúid Oideachais Marino tariscint rathúil le haghaidh dámhachtain deontais arna coimisiúnú ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus arna maoiniú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (CNT) chun staidéar a dhéanamh ar phróisis bhainteacht, rannpháirtíocht agus chompháirtíocht na dtuismitheoirí i bhfoghlaim a bpáistí i mblianta na bunscoile. Faoi stiúir an Dr. Joan Kiely (MIE), áiríodh ar bhaill na fairne taighde an Dr. Leah O' Toole (Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad), an Dr. Maja Haals-Brosnan (Institiúid Oideachais Marino), Emma O' Brien (Institiúid Oideachais Marino), Cliona O' Keeffe (Montessori San Niocláis) agus an Dr. Claire Marie Dunne

(Institiúid Oideachais Marino). Cuimsíodh i gCuid 1 den tionscadal taighde athbhreithniú ar litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, a foilsíodh i mí an Mhárta 2019 (ar fáil ag <http://www.npc.ie/publications/books>). Bhain Cuid 2 le cás-staidéir a forbairt maidir le bainteacht tuismitheoirí i gcúig bhunscoil in Éirinn; forbriáodh an chuid seo tuilleadh chun díriú ar pháirt a thabhairt do thuismitheoirí sa churaclam teanga bunscoile úr (2015), agus bhí aird faoi leith le tabhairt ar obair bhaile a thacaíonn le teanga ó bhéal páistí (CNCM, 2017, Ich. 16). Cuireadh an tuarascáil taighde i gcrích i mí na Bealtaine 2019 agus chuir an fhoireann na tortaí agus na moltaí inti i láthair chomhdháil bhliantúil Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, an 8 Meitheamh.

3.3 EiTTT (MÚINTEOIRÍ UILECHUIMSITHEACHA A CHUMHACHTÚ DON LÁ INNIU AGUS DON TODHCHAÍ)



Tionscadal compháirtíochta straitéisí Eorpach ab ea EiTTT (Múinteoirí Uilechuimsitheacha a Chumhachtú don Lá Inniu agus don Todhchaí) arna mhaoiniú faoi Chlár Oideachais Erasmus+ KA2 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Stiúir Institiúid Oideachais Marino an tionscadal Erasmus+ 30 mí sin inar dírodh ar fhorbairt scoileanna príomhshrutha mar thimpeallachtáí foghlama uilechuimsitheacha do gach foghlaimeoir. Tugadh an tionscadal i gcrích i Mártas 2019. Bhí trí institiúid Oideachais Tosaigh Múinteoirí sa chompháirtíocht tionscadail, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Ollscoile Leuven-Limburg (an Bheilg) agus Coláiste Ollscoile Karel de Grote (an Bheilg) agus trí scoil, Anthoupolis KA (an Chipir), Rigas 45. Vidusskola (an Laitvia) agus Lukkarin koulu (an Fhionlainn). D'óstáil gach compháirtí gníomhaíochta foghlama 5 lá ina n-institiúid/scoil féin agus d'fhreastail na compháirtithe ar fad chun an deachleachtas i dtimpeallacht an óstaigh a fheiceáil. Bhí sé ghníomhaíocht ann ar an ionlán: Comhthéagasc in

Oideachas Múinteoirí (UCLL – an Bheilg); Comhtheagasc le haghaidh Cleachtas Uilechuimsitheach Seomra Ranga (Bunscoil Lukkarin Koulo – an Fhionlann); Treoir Idirghníomhaíochta Físeán in Oideachas Múinteoirí (KdG – an Bheilg); Socrúchán Mic Léinn-Múinteora i gComhthéacs Scoil Oideachais Speisialta – Eolas, Scileanna agus Dearctaí a Fhorbairt le haghaidh Cleachtas Uilechuimsitheach (Institiúid Oideachais Marino – Éire); Cuimsíú tríd an Oideachas – Mic Léinn ó Chúlraí faoi Mhíbhuntáiste Dídeanaithe/Imirceach/ Socheacnamaíoch (Bunscoil Anthoupolis – an Chipir); agus Tacaíocht Thrasdisciplíneach don Oideachas Uilechuimsitheach (Meánscoil Riga Uimh. 45 – an Laitvia). Bhí na gníomhaíochtaí foghlama sin ina gcuid de na hacmhainní tionscadail atá ar fáil ag www.mie.ie/eittt. Cuimsítear sna hacmhainní sin sé chás-staidéar ar an ionlán ar na cleachtais atá á mbreithniú sna gníomhaíochtaí thusa, 30 cás-staidéar i gcomhthéacs (léirmhinithe a bhaineann go sonrach le tir ar leith), agus sé achoimre gníomhaíocha foghlama.

3.4 TEAGASC LE HAGHAIDH OIDEACHAS LUATH-ÓIGE IOMLÁNACH, COIBHNEASTA AGUS UILECHUIMSITHEACH (THRIECE)



Comhordaíonn Institiúid Oideachais Marino an tionscadal taighde Erasmus+ sin. Compháirtíocht uathúil Éireannach-Polannach-Portaingéalach is ea THRIECE, ina gcuimsítear trí réamhscoil, trí bhunscoil agus ceithre IAO, trína dtugtar tacaíocht do chuimisiú trí aithint a thabhairt do chineál tábhachtach an

chaidrimh agus na hidirghníomhaíochta laistigh de thimpeallachta na luathóige. In 2018/19, thionóil an tionscadal dhá chruiinní trasnáisiúnta bainistíochta tionscadail (in Gdansk agus i mBaile Átha Cliath) agus dhá ghníomhaíochta, foghlama, teagaisc agus oiliúna (in Gdansk agus i mBaile Átha Cliath).

3.5 TEAGASC DIFREÁILTE AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHOGNAÍOCH I gCEACHTANNA MATAMAITICE A THREISIÚ TRÍ THACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHOGHLAIM MÚINTEOIRÍ (EDUCATE)



Stiúrann Institiúid Oideachais Marino an tionscadal Erasmus+ seo lena bhféachtar le hábhair mhatamaitice a fhorbairt, a chur chun feidhme, a bhailíochtú agus a bheachtú do mhúinteoirí agus oideoirí múinteora a fhreastalaíonn i gcomhthráth ar an dá cheist um shármhaitheas agus um chothroime, agus riachtanais iarbhír mhúinteoirí á gcur san áireamh. Féachtar leis an tionscadal seo le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí

chun leas a bhaint as na hábhair sin trí iad a bheith páirteach i machnamh treoraithe maidir lena gcleachtas. Thionóil an tionscadal clár dian seachtaine ag Institiúid Oideachais Marino i mí Iúil 2018 agus cruinníu trasnáisiúnta bainistíochta tionscadail seachtaine eile agus gníomhaíocht foghlama, teagaisc agus oiliúna san Aithin ón 25 Feabhra go dtí an 1 Márta a d'óstáil Ollscoil Náisiúnta agus Kapodistrian na hAithne.


3.6 PRÓISEAS R-PHUNANN A CHUMHACHTÚ (EEP)



Cuireadh túis leis an bPróiseas r-Phunann a Chumhachtú (tionscadal EEP) i mí Mheán Fómhair 2016 agus críochnaíodh é i mí Feabhra 2019. Bhí na compháirtithe sa tionscadal ón bhFionlainn (Ollscoil Hamk), ón Danmhraig (Ollscoil Via), ón mBeilg (UCLL) agus ón bPortaingéil (IPS Setubal). Stiuir an Dr Julie Úí Choistealbha obair Marino sa tionscadal. Ba é an aidhm leis an EEP oideachas a dhíríonn ar an mac léinn a fhorbairt trí dhíriú ar chleachtais um measúnú agus treoir lena ndearnadh: cur chuige cumhachtach agus dinimiciúil maidir leis an bpróiseas ríomhphunainne a fhorbairt; spreagadh na mac léinn ina bhfoghlaim agus ina mbainistíocht ghaíme a mhéadú; agus infhostaitheacht a chothú, chomh maith le rannpháirtíocht shóisialta sa saol digiteach. Díriodh sa tionscadal ar úsáid r-Phunann ar leibhéal an mhic

léinn, an mhúinteora, láthair na hoibre agus an bheartais náisiúnta. Treoráiodh an tionscadal le ceithre aschur théamacha: (i) bailiúchán cleachtas rannpháirteach; (ii) taighde maidir leis an bpróiseas r-Phunann agus a bhforbairt inniúlachta digití; (iii) taighde maidir le hinniúlacht, trédhearcacht agus nuálacht Ríomhphunainne (iv) taighde ar rannpháirtíocht mhúinteoirí le próisis um measúnú agus treoir. Chun é sin a dhéanamh, rinne gach thír rannpháirteach treoirghníomhaíocht a dheardadh, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú ina n-institiúid bhaile. In Institiúid Oideachais Marino tugadh isteach cur chuige scaflála maidir le húsáid r-Phunann ar shocrúchán oibre do mhic léinn Léann Oideachais na chéad bliana, na dara bliana agus na tríú bliana. Is féidir na foilseacháin a tháinig as an tionscadal a fháil ag <https://unlimited.hamk.fi>.

3.7 DROICHEAD: EXPLORING AND ELICITING PERSPECTIVES, EXPERIENCES AND NARRATIVES (DEEPEN)



Déirigh le cuibhreannas taighde Institiúid Oideachais Marino/Ollscoil na Tríonóide, BÁC, i bpróiseas tairisceana na Comhairle Múinteoireachta maidir le taighde ar eispéireas múinteoirí maidir le próiseas iondúcháin ghairmiúil Droichead. Leis an tionscadal taighde trí bliana seo déanfaidh Institiúid Oideachais Marino teagmháil le gach scoil Droichead sa stát, chomh maith

le príompháirtithe leasmhara agus múinteoirí atá bainteach le próiseas Droichead. Tá tacáiocht á cur ar fáil i leith an tionscadail ag painéal idirnáisiúnta comhairleach, agus faoi chathaoirleacht Mary Burke, cuimsíodh ar an bpainéal an tOllamh A. Lin Goodwin, an Dr. Jean Ware agus an Dr. Brahm Norwich.

3.8 TAIGHDE MALARTAITHE MÚINTEOIRÍ (T-REX)



Tá Institiúid Oideachais Marino i gcomhpháirtíocht le Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnígh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun tairiscint a dhéanamh ar mhaoiniú ón gComhairle Múinteoireachta le leanúint ar aghaidh leis an dara céim de T-Rex, Malartú Taighde Múinteoirí. Ardán comhroinnta taighde ar líne is ea T-REX do mhúinteoirí agus do mhic léinn in Éirinn, lena gcuirtear ar chumas soláthraithe ITE ceangal le scoileanna agus taighde scoilbhunaithe a leabú sna cláir oideachais do mhúinteoirí. Le T-Rex déantar

múinteoirí agus mic léinn a chur chun cinn agus a éascú mar comhthaighdeoirí agus tá Institiúid Oideachais Marino tiomanta do thaighde scoilbhunaithe agus ábhartha laistigh de mhodúil roghnaithe a phíolótú. Tionóladh cruinnithe an phainéil chomhairligh agus cruinnithe seachtainiúla tionscadail le linn 2018/19 agus rinneadh ardán T-Rex a athbhreithniú agus a nuashonrú chun inneachar úr ar líne a chur ann, a chruthaigh Institiúid Oideachais Marino, mar chuid de thionscadal feabhsúcháin an ardáin níos leithne.



3.9 OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA



Ba é an Dr. Alison Egan faighteoir rathúil tairisceana taighde arna dhámhachtain ag Oideachas Idirnáisiúnta, cónaидhm domhanda neamhspleáach aontais atá á reáchtáil ag a balleagraíochtaí ina bhfuil níos mó ná 32 milliún oibrí oideachais, chun athbhreithniú litríochta a dhéanamh ar fhéin-éifeachtúlacht theicneolaíoch in 2019. Dámhadh buiséad 15,000 agus tionóladh ceardlanna

éagsúla agus cruinnithe tosaithe sa Bhruiséil le comhaltaí boird Oideachais Idirnáisiúnta chun cuspóirí an tionscadail a scópáil. Cuiréadh tuarascáil tosaigh isteach chuig Oideachas Idirnáisiúnta i mí an Mheithimh 2019, agus tá an athbhreithniú ionmlán le bheith curtha i gcrích i mí na Nollag 2019. Déanann Cumann Múinteoirí Éireann ionadaíocht ar son Oideachas Idirnáisiúnta in Éirinn.

3.10 SEIMINEÁIR THAIGHDE INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO



In mí na Nollag 2018, cuireadh túis le sraith Seimineár Taighde seachtainiúil do bhaill fairne Institiúid Oideachais Marino. Arna dtionóil ag an Dr. Rory Mc Daid, reáchtáladh an tsraith seimineár i rith na bliana. Chomh maith le baill fairne Institiúid Oideachais Marino a bheith ag cur a dtraighe de i láthair, tugadh cuireadh d'aoichtainteoirí cur i láthair a dhéanamh ag ectráimh rialta. I measc na gcur i láthair bhí:

An Dr. Maja Haals Brosnan, *Cultural and Political Brokerage: The use of a translator in ethnographic fieldwork with children in post-genocide Rwanda;*

An Dr. Karin Bacon, *Min Ryan, a pusher who always wanted to be in the centre of things - an example of biographical research;*

An Dr. Sandra Austin, *Garden-based learning in primary schools: Meeting the challenges and reaping the benefits;*

An Dr. Dean Mc Donnell, *Introducing grounded theory;*

Hannah McGinley, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, *Travellers in education through a non-deficit lens: The story so far;*

Helen Fallon, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, *Writing for publication;*

An Dr. Seán Delaney agus an Dr. Ann Marie Gurhy, *Combining differentiation and challenge in mathematics instruction: A case from practice;*

An Dr. Suzy Macken, *The experiences of primary pre-service teachers enacting assessment for learning in physical education during school placement; agus*

An Dr. Máire Nuinseann, *Negotiating Bimusicality: Learning Practices and Processes.*

04 SAOL NA MAC LÉINN



4.1 SUIRBHÉ NA HÉIREANN AR RANNPHÁIRTÍOCHT MAC LÉINN (ISSE)

Ghlac Institiúid Oideachais Marino páirt i Suirbhé bliantúil na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn (ISSE) in 2018-19 agus leanfaidh sí le tacáiocht a thabhairt don tionscnamh sin faoin Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go 2030. In Earrach 2019 bhí feachtas ISSE an-rathúil ag Institiúid Oideachais Marino agus



méadaíodh a ráta freagartha a bhí go maith cheana go 46% rud a léirigh fás 12.1% ó 2018. Bhí sé ina dheimhniú a thabhair faoi deara gur thuairiscigh naoi mac léinn as deichniúr go roghnódh siad Marino arís dá mbeadh deis acu a IAO a roghnú arís.

4.2 SPARÁNACHTAÍ 1916



Le tacáiocht ó mhaoliniú ó Clár ÚAO le haghaidh Rochtana ar an Ardoideachas, dámhann dámhachtainí Institiúid Oideachais Marino roinnt Sparánachtaí Ceannaire agus Foghlaimeoíri 1916 gach bliain. Chun go ndámhfar sparánacht orthu, caithfidh sé gur léirigh na faigteoirí ardleibhéil cheannaireachta nó rannpháirtíochta ina bpobail. Spreagtar

na faigteoirí go gníomhach lena ról cheannaireachta a mhéadú agus iad a chur i bhfeidhm ar an saol ar an gcampas trí obair dheonach, gníomhaíochas pobail, rannpháirtíocht i dtionscadail, agus piarmhonatóireacht. Fuair faigteoirí na bliana seo a sparánachtaí ó Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Nial Ring, ag searmanas sa Teach Mhéara i mí na Nollag.

Sparánachtaí 1916



4.3 BRONNADH CÉIME AGUS GRADAIM MAC LÉINN



Tionóladh an searmanas bronnta céime do mhic léinn fhochéime an 4 agus 5 Nollaig 2018. I ndiaidh na searmanas foirmiúil, bronnadh roinnt gradam do mhic léinn Institiúid Oideachais Marino:

Bronnann an Roinn Oideachais agus Scileanna Gradam Carlisle agus Blake don mhac léinn a bhaineann amach an marc is airde san oideachas agus i socrúchán scoile le chéile ag deireadh bhliaín an tSofaistí Shinsearaigh. Ba é Gráinne Soden a fuair **Gradam Carlisle agus Blake** 2018. Bhronn Rita Nic Amhlaoibh, Uasal, Cigire Sinsearach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a gradam ar Ghráinne.

Bronnann Cumann Múinteoirí Éireann **Bonn Vere Foster** ar na mic léinn a bhaineann amach na marcanna is airde ar shocrúchán scoile ar na clár B.Ed. agus PME. Ba iad Shauna Lacey agus Megan McKelvey faighteoirí B.Ed. Bhonn Vere Foster in 2018. Bhronn an tUasal Joe Killeen, Uachtaráin Chumann Múinteoirí Éireann a ngradaim orthu. Ba í Amy Arnold faighteoir PME Bhonn Vere Foster in 2018.

Bronntar **Gradam Edmund Rice** ar an mac léinn a bhaineann amach na marcanna is airde ar chláir Léinn Oideachais. Ba í Sarah Finnegan a fuair faighteoir ghradam Edmund Rice 2018. Bhronn an bráthair Michael Murray, lontaobhaí de chuid Institiúid Oideachais Marino a gradam ar Sarah.

Bronntar **Bonn Óir Institiúid Oideachais Marino** ar iarrthóirí a bhaineann toradh foriomlán 73% ar a laghad agus gach chéad ghrád amach ina mbliain deiridh. Bhain dhá Mhac Léinn sa Bhaitsiléir Oideachais na critéir sin amach i mbliana agus bronnadh na boinn óir ar Ghráinne Soden agus ar Aoife Lawless.

Bronntar an gradam, **An Chéad Áit sa Ghaeilge**, ar an mac léinn a bhaineann an marc is airde sa Ghaeilge amach do na Scrúduithe Gaeilge B.Ed. deiridh. In 2018 bronnadh an gradam ar Shorcha Ní Phallamhain.

Bronntar **Gradam na Gaeilge** ar an mac léinn a dhéanann an obair is mó chun úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge a chur chun cinn san Institiúid. Tá an gradam oscailte do gach mac léinn ó chláir lánaimseartha fhochéime agus iarchéime. Ba iad Darragh McGee agus Tiarnach Ó Néill comhfaighteoirí Ghradam na Gaeilge 2018.



4.4 COMHALTACHT TEAGAISC CHOMHAONTAS OLLSCOIL NOTRE DAME DON OIDEACHAS CAITLICEACH (ACE)



Déanaimid comhghairdeas le Hannah Mullen, mac léinn B.Ed. na 4ú Blíana ar bronnadh Comhalaacht Teagaisc ACE uirthi i mí na Bealtaine. Tá an scoláireacht seo ar cheann amháin de dhá cheann a thairgeann Ollscoil Notre Dame gach bliain ar mhic léinn Éireannacha. Leis na scoláireachtaí iomlána sin, dar luach €100,000 an ceann, is féidir le céimithe dhá bliain a chaitheamh i


SAM trí chlár Chomhalaacht Teagaisc ACE na hOllscoile, ag déanann ranganna iarchéime ag an Ollscoil thar dhá shamhradh agus ag tuilleadh a MEd, agus iad ina gcónaí le comhscoláirí agus ag teagasc i scoileanna Caitliceacha i gcathracha éagsúla le linn an dá bhliana acadúla. Tosóidh Hannah a staidéar ag Notre Dame i mí Mheán Fómhair 2019.

4.5 DÁMHACTAIN FULBRIGHT



In mí an Mheithimh 2019 dámhadh Cúntóir Teagaisc Teangacha lasachta Fulbright 2019/20 ar an larchéime Rosemary Mulvey ag Coláiste Pobail Davidson, North Carolina. Rinne Rosemary a hArd-Diplóma sa Bhunoideachas ag Institiúid Oideachais Marino.

D'oibrigh sí in imeachtaí agus i mbainistíocht chultúrtha le Comhairle Oidhreachta na hÉireann, Féile Ealaón Chill Chainnigh, Savour Chill Chainnigh agus Féilte Traidisiúnta Chill Chainnigh agus tá sí ag teagasc faoi láthair in nGaelscoil Osraí, Cill Chainnigh.



4.6 NUASHONRÚ SPÓIRT



4.6.1 CLUICHÍ GAELACHA

The Institute fields football, hurling, camogie and Imrítear peil, iománaíocht, camógaíocht agus peil na mBan san Institiúid. D'éirigh le foireann peile na bhfeair i gCorn na MacLéinn Shield i gcoinne Choláiste Nua-Eabhrac, 3-12 le 0-9. Bhí bliain an-iomaioch agus an-rathúil ag an bhfoireann iománaíochta ar an iomlán, agus d'imir siad i gcomórtas ceannais chorn Fergal Maher. Tá fás ag teacht ar thóir na camógaíochta san Institiúid, agus d'imir an fhoireann bhuaiteach cúpla chluiche den scoth le linn na bliana. Táthar ag éirí go maith le peil na mban san Institiúid, agus bhain siad Craobhchomórtas Shraith 5 Rannán HEC Pheil Ghaelach na mBan, Gourmet Food Parlour, agus chaill siad amach de bheagán ar Chraobh Chorn Mhic Dhonnacha.

4.6.2 CISPHEIL AGUS SPÓRT EILE

Bhí mí-ádh ar fhoireann cispheile ban Institiúid Oideachais Marino nach bhfuair siad coirn leis na cluichí den scoth a d'imir siad i mbliana. In ainneoin gur raibh siad ina gcomhbhuaitheoirí sa dara háit ar thábla sraithe na dtorthaí, ba de bheagán ar chaill Institiúid Oideachais Marino amach ar áit sa chluiche leathcheannais mar gheall ar charnadh pointí inmheánacha a chuir GMIT chun tosaigh ar Institiúid Oideachais Marino. Léiríodh scoth-thallann fhoreann cispheile na mban le bua in éadan an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, sa bhaile agus as baile, agus GMIT ag cluiche baile.

I spórt eile bhuaigh Amy Wall teideal domhanda cicdhoránálaíochta sóisearaí, agus d'fhág an t-imreoir sacair Brandon McCann Shelbourne FC agus chláráigh sé le Bray Wanderers FC, agus i gcispheil bhuaigh Ciara Curran bonn chraobh na hÉireann. Léiríonn an méid sin a baineadh amach éagsúlacht rath na mac léinn laistigh dá ndíchill roghnaithe spóirt.

4.7 STRICTLY COME DANCING INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO



D'eagraigh Aontas Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino imeacht tiomsaithe airgid Strictly Come Dancing i Mártal le tacú le hlontaobhas Seán Cox. Rinneadh ionsaí gan chúis ar Sheán Cox in 2018 agus fágadh é le gortuithe a d'athraigh a shaol. Tá iníon Sheáin ina mac léinn ag Institiúid Oideachais Marino agus ghlac na mic léinn ar fad, an fhoreann agus baill den phobal

i gcoitinne páirt san imeacht sin agus thacaigh siad leis. Chuir teaghlaigh Cox a fhíorbhuíochas in iúl don iarracht a rinneadh agus don tacaíocht leanúnach a thaispeánann pobal Institiúid Oideachais Marino. Thaispeáin Aontas Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino fiornadúr an phobail nuair a d'eagraigh siad an t-imeacht sin.

05

AN SAOL AR AN gCAMPAS



5.1 NUASHONRÚ AR AN gCAMPAS



Le linn na bliana acadúla 2018/2019, phleanáil agus thosaigh an Institiúid obair ar líon tionscadal lena cumas a mhéadú maidir le spásanna cuí teagaisc agus foghlama a sholáthar thart ar an gcampas. Áiríodh leo siúd Seomra breise SESE/Eolaíochta agus trí spás teagaisc/chomhoibríocha i Halla Phádraig a sholáthar. Soláthrófar na spásanna sin go hiomlán faoi thíos na bliana acadúla 2019/2020 agus tá siad tiomnaithe d'fhoghlaím neamhspleách agus comhroinnt na mac léinn. Tá Oifig Aontas na Mac Léinn lonnaithe anois i bhfoirgneamh Nagle Rice, níos gaire do shaoráidí

spóirt na mac léinn agus do Tholglann na mac léinn. Cuireadh cuma úr ar an gConair Lusanna, atá gar don ‘Oifig Oideachais’ úr agus do ghairdín galánta an chlóis. Rinneadh uasghrádú ar na spásanna oibre agus ar na leithdháiltí oifige ar fud an champais. Le bunú moil riarrachán úir ar urlár na talún i bhfoirgnimh Mhuire tugtar le cheile an cumas riarracháin in ‘Oifig Oideachais’ úr, agus forbraíodh Tolglann na Foirne. Tá sé ríthábhachtach d'fholláine gach uile dhuine an bonneagar chun ranpháirtíocht phobail na mball foirne agus na mac léinn a chur chun cinn agus tacú leis.

5.1.2 CÓIRÍOCHT MAC LÉINN AR AN gCAMPAS

In mí na Nollag 2017, ghlac an Institiúid úinéireacht ar a cóiríocht mac léinn ar an gcampas, ar a dtugtar an Clós Thiar, agus d'fhostaigh sí seirbhísí bainistíochta maoine gairmiúla chun é a bhainistiú ar bhonn laethúil. Ar dtús, coimeádadh na bainisteoirí maoine a bhí ann. I ndiaidh

athstruchtúrú ar an gcuideachta sin, síníodh comhaontú úr, le Eberdon Limited, i mí Feabhra 2019. Rinneadh trí bhloc de chóiríocht na mac léinn a athchóiriú i samhradh 2018 agus tá sé beartaithe na trí bhloc eile a athchóiriú i samhradh 2019.

5.2 COSAINT AGUS CUMHDACH LEANAÍ



In 2018/19 ceanglaíodh ar gach ball foirne de chuid Institiúid Oideachais Marino Clár R-Fhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid Tusla a dhéanamh. Rinne baill foirne oilíúint bhreise um chumhdach, agus tá sé beartaithe

clár oilíúna i measc na foirne a sheachadadh in 2019/20. Is í an Dr. Julie Úí Choistealbha Teagmhálaí Ainmnithe (TA) na hInstitiúide agus is é Cian Ó Raghdallaigh an Leasteagmhálaí Ainmnithe (LTA).

5.3 MARINO MATTERS



I mí Mheán Fómhair 2018, d'éirigh an Bráthair Joe O'Neill as mar eagarthóir ar Marino Matters, foilseachán inmheánach na hInstitiúide don fhoireann agus do phobal Institiúid Oideachais Marino i gcoitinne. Rinne an Bráthair Joe maoirseacht ar fhoilsíú os cionn 220 eagrán thar 21 bliain. Lena chuid oibre cruthaíodh cartlann mharthanach ina dtaifeadtar gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus ina

soláthraítear taifead de na comhghleacaithe den am atá caite agus den am i láthair. Lean an Bráthair Joe le ról eagarthóra ghinearálta a bheith aige leis an bhfoilseachán agus scríobhann sé ailt go rialta faoina ghairm agus faoina thaisteal. Ghlac foireann eagarthóireachta úr ceannas ar na príomhdhualgais léirithe, ag soláthar 10 n-eagrán in 2018/19.

5.4 WILSON GRADS



I mí Dheireadh Fómhair, chuir an Institiúid fáilte ar ais roimh ghrúpa beag iarchéimithe chun 40 bliain ó bhain siad céim amach ón Institiúid (Coláiste Mhuire Marino mar a bhí air an t-am sin) a cheiliúradh. Tugadh 'Wilson Grads' ar bhaill an ghrúpa ar leith sin. Chuir siad clár

bliana an-speisialta i gcrích a cheadaigh John Wilson, an tAire Oideachais an tráth sin. Bhí ríméad ar an ngrúpa go raibh an Bráthair John Ledwidge, a d'oibrigh leo agus nuair a bhí siad ag staidéar ansin, ina gcuideachta.

“

D'éirigh an Bráthair Joe as mar eagarthóir ar Marino Matters, rinne sé maoirseacht ar fhoilsíú os cionn 220 eagrán thar 21 bliain. Lena chuid oibre cruthaíodh cartlann mharthanach ina dtaifeadtar gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus ina soláthraítear taifead de na comhghleacaithe den am atá caite agus den am i láthair.

”



5.5 EALAÍONTÓIR CÓNAITHE

Ceapadh Mark Joyce mar an t-amharc-ealaíontóir cónaithe ag Institiúid Oideachais Marino i mí tMheán Fómhair 2018. Rinne Mark staidéar ar Phéintéireacht ag an Royal College of Art, Londain. Bhí taispeántais aonair aige in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i SAM chomh maith, bhuaigh sé gradaim ó Chomhairle na Breataine, lontaobhas Thomas Damman, agus comholtacht Georgette Chen in 2016. Tá a chuid saothair i mbailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus na Comhairle Ealaíon. Ó ceapadh é, d'oibrigh Mark le grúpalacha éagsúla ar fud an champais ar bhealaí éagsúla agus samhlacha. Theagaisc sé ceardlanna le mic léinn ar fud chlárí chéime uile Institiúid Oideachais Marino a bhí spreagtha ag a chleachtas ealaíon. Fad is a bhí ár mic léinn ar shocrúchán, d'osclaíomar ár seomra ealaíne do pháistí agus dá múinteoirí sa phobal áitiúil. Spreagtha ag modh an Chorpais Ghleoite trína ndéantar bailiúchán focal nó íomhánná a thiomsú i gcomhar, tá



sé éascaithe ag lón ceardlann ina gcuimsítear líníocht, péintéireacht agus tógáil. Tháinig comhoibriú campais eile chun cinn le rannóga éagsúla. I gcomhoibriú amháin dá leithéid léiríodh taispeántas grianghraif a rinne mic léinn a raibh staidéar á dhéanamh acu ar an Oideachas Reiligiúnach ina ndéantar iniúchadh ar chéannacht trí íomhánná agus trí algartaim. Ghlac Mark agus Institiúid Oideachais Marino páirt i bhféile Foghlama Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbliana chomh maith. Rinne cuairteoirí iniúchadh ar an bhformáid bhunúsach leabhair fillte ceithre leathanach agus bhain siad úsáid as an gcaidreamh líníochta, téacs agus datha chun scéal leanúnach a chruthú. Breithníodh sa cheardlann ar an dinimic fíorach is cúrla agus na féidearthachtaí cruthaitheacha a bhaineann leis an bhformáid seo le haghaidh scéil, físiúil agus téacsúil araois, chun tairbhe na scéalaíochta. Leanfaidh Mark lena chónaitheacht ag Institiúid Oideachais Marino ar feadh bliain amháin eile.

5.6 SCRÍBHNEOIR CÓNAITHE



Ba é Dave Rudden Scríbhneoir Cónaithe Institiúid Oideachais Marino le haghaidh 2018-19. Iarmhúinteoir is ea é Dave agus is é údar na tríolóige *Knights of the Borrowed Dark* a bhfuil duaíseanna buaite ina leith, agus is é údar dhíolaim Doctor Who le BBC Books chomh maith. Rinne Dave léiriú in os cionn ceithre chéad scoil, leabharlann agus féile ó eisíodh *Knights of the Borrowed Dark* in 2016. Thug an Guardian “a magical debut” air agus go raibh sé ina “reminiscent of Douglas Adams” le R.L. Stine agus bhuaigh, *Knights of the Borrowed Dark* Gradam Leabhar na hÉireann don Úrscéal Leanaí Sinsearacha is Fearr. Bhí sé ina ghné-aitl

in UNESCO Citywide Read i mBaile Átha Cliath in 2017 agus, le déanaí cuireadh le Curaclam Béarla an Teastais Shóisearaigh é mar théacs na chéad bliana. Cuimsíodh sa chónaitheacht ceardlanna scríbhneoireachta sa rang, cainteanna ar litríocht páistí, comhairliúcháin aonair dóibh siúd a lorg comhairle agus aiseolas ar a scríbhneoireacht chruthaitheach, mar aon le gné ar líne. Gach coicís sheol Dave leideanna scríbhneoireachta, chomh maith le smaointe faoin dóigh le páistí a spreagadh le scríobh, agus comhairle maidir le leabhair a roghnú do pháistí.

A photograph showing four people walking on a paved path through a grassy area with trees. A man in a blue shirt and shorts is in the foreground, carrying a yellow ball. Behind him are three other individuals: a woman in a white blazer and jeans, a woman in a white t-shirt and sunglasses, and a man in a striped shirt and dark pants holding a water bottle.

06 POBAL, RANNPHÁIRTÍOCHT & COMHOIBRIÚ

6.1 THE STORYTIME PROJECT



Comhoibriú is ea *The Story Time Project* idir Institiúid Oideachais Marino agus Comhpháirtíocht an Taoibh Thuaidh. Oibríonn sé le scoileanna ag a bhfuil stádas DEIS Banna 1 nó 2 agus timpeallachtai na luathóige i ndobharcheantar Chomhpháirtíocht Thaobh Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Féachtar leis an tionscadal tuismitheoirí a spreagadh agus tacáiocht a thabhairt dóibh le léitheoireacht a dhéanamh lena bpáistí ar bhonn rialta, chun focaíocht agus scileanna comhrá páistí a mhéadú agus chun naisc lena dtuismitheoirí/ caomhnóirí a neartú agus chun tuismitheoirí agus páistí a spreagadh lena leabharlann áitiúil a úsáid. Éilítéar leis an tionscadal tacáiocht ghníomhach a thabhairt do

mhúinteoirí Teaghálaí Baile agus Scoile agus d'ideoirí na Luath-Óige ar iarradh orthu 4-5 thuismitheoir a earcú le páirt a ghlacadh sa tionscadal. Tugtar cuireadh do na tuismitheoirí sin ansin chuig Institiúid Oideachais Marino chun roinnt bunóiliúna a fháil maidir le léitheoireacht lena bpáistí. Tá na scoileanna rannpháirteacha ó cheantar Chomhpháirtíocht Thaobh Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis sin Ard Aidhin, Darndál, Coill an Phrióra, Domhnach Míde, an Choill Mhór, agus Cill Easra. Tosáodh an tionscadal in 2009 agus chuaigh an t-ochtú cohóirt déag de pháistí *Storytime* ar aghaidh ón tionscadal i mí Eanáir 2019. Ar an iomlán, bhí 812 tuismitheoir agus 812 páirteach sa tionscadal go dtí seo.

6.2 READING RECOVERY



Luath-idirghabháil is ea *Reading Recovery* do pháistí nach ndéanann mórán dul chun cinn sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht le linn a gcéad bhliana ar scoil. Is éard atá i gceist leis ceacht laethúil ar bhonn duine le duine le múinteoir ardoilte ar feadh tréimhse idir dhá sheachtain déag agus fiche seachtain. Ag deireadh an ama sin, beidh formhór na bpáistí siúd ‘is deacra a theagasc’ ar an leibhéal céanna lena gcomhscoláirí agus beidh siad ábalta léamh agus scríobh ar leibhéal atá laistigh den mheánbhanna dá n-aos. Le bheith cláraithe mar ghairmí léitheoireachta agus scríbhneoreachta, déanann múinteoirí cursa bliana páirtaimseartha iarchéime i bhfoghlaim na litearthachta agus i bhforbairt na litearthachta. Tá rath *Reading Recovery* i ngeall, den chuid is mó, ar cháilíocht agus ar dhéine na forbartha gairmiúla tosaigh agus leanúnaí le haghaidh

múinteoirí cáilithe a bhfuil taithí acu a roghnaítear ar bhonn bliantúil don chúrsa teastais iarchéime seo a sholáthraítear ag Institiúid Oideachais Marino. Meastar rath de réir ghnóthacháil na ndaltaí a ghlacann páirt sa chlár. Bíonn na páistí idir cúig bliana agus naoi mí d'aois agus sé bliana agus sé mhí d'aois agus cuireann gach múinteoir sonraí isteach chuig Bunachar Sonraí *Reading Recovery* (RRED) ag an Institiúid Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Londain. Tá an ráta ratha i Marino gar do 90% agus taispeántar le fianaise taighde leantach atá ag carnadh go gcoimeádtar na gnóthachain a fhaightear le linn na sraithe ceachtanna ina dhiaidh sin. Maireann na cláir i bPoblacht na hÉireann thart ar ocht seachtainí déag nó tríocha a hocht uair an chloig, ar an meán. I mí na Bealtaine 2019, chuaigh 14 mhúinteoir ar aghaidh ón gclár *Reading Recovery*.

6.3 DÍOSPÓIREACHT CHUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN



Bhí díospóireacht 'An Ghaeilge agus an Múinteoir Náisiúnta' ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 150 bliain Chumann Múinteoirí Éireann. Réachtáladh an díospóireacht in Institiúid Oideachais Marino. Ba é Páidí Ó Lionaird a bhí mar chathaoirleach ar an díospóireacht agus bhí an Dr. Treasa O'Doherty, John Boyle, an Dr. Treasa Kirk agus Donál Ó hAiniféin mar bhaill den phaineál. Chuir Uachtarán CMÉ, Joe Killeen agus Aodán Mac Suibhne fáilte roimh an lucht éisteachta, thug siad cúlra an rúin a bhí le plé ag an bpaineál agus chuir siad béim chomh maith ar thábhacht ról an mhúinteora náisiúnta in Éirinn.

riamh anall. Phléigh siad tábhacht na Gaeilge agus an ról atá ag an múinteoir náisiúnta fós maidir le meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú agus an teanga a chur chun cinn. Rinneadh tagairt d'fhorbairtí atá le teacht cosúil leis an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a bheidh ag tosú anseo i Marino i Meán Fómhair 2019. Thug an díospóireacht ardú croí don lucht éisteachta agus mar a deir Páidí Ó Lionaird, tá seacht míle teanga ar fud an domhain agus tá thart ar 2,000 acu siúd i mbaol a mbáis, ach níl an Ghaeilge ar cheann de na teangacha sin.

6.4 COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA CHUMANN LITEARTHACHTA NA HÉIREANN



D'óstáil Institiúid Oideachais Marino an 42ú Comhdháil Idirnáisiúnta Chumann Litearthachta na hÉireann ó 9 go 10 Samhain 2018. D'oscaill an Dr. Gene Mehigan, Uachtarán Chumann Litearthachta na hÉireann an chomhdháil. Ba é téama na comhdhála: 'Litearthacht gan Teorainneacha'.

Sholáthair an tOllamh Peter Afflerbach, Ollamh na Léitheoireachta sa Teagasc agus Foghlaim, Polasaí agus Ceannaireachta ag Ollscoil Maryland, SAM, an spreagaitheasc, 'Walking the Border: Teaching Reading, or Teaching Readers?'.

Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath



6.5 CATHAIR FOGLAMA BHAILE ÁTHA CLIATH

In 2018/19 bhí Institiúid Oideachais Marino páirteach i dtionscnamh chun Baile Átha Cliath a bhunú mar Chathair Foghlama, arna sainiú ag UNESCO. Sheol Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Nial Ring, tionscadal Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath an 4 Nollaig 2010 sa Teach Ardmhéara. Tacaithe ag Oifig an Ard-Mhéara agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá cúig ollscoil agus coláiste ar fud Bhaile Átha Cliath ar thus cadhnaíochta an tionscadail faoi choimirce an Chláir le haghaidh Rochtana ar an Ardoideachas (PATH), atá maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Is é is aidhm le tionscnamh Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath a chinntíu go mbeidh an t-oideachas agus an fhoghlaím - beag beann ar cé acu an foghlaím fhoirmiúil í a sholáthraíonn ollscoil nó coláiste, nó cé acu an foghlaím neamhfhoirmiúil í a fhaightear trí thionscnamh pobail - inrochtana do gach áitritheoir, beag beann ar a n-aois, i dtimpeallachtaí traidisiúnta agus i dtimpeallachtaí neamhthraigisiúnta. Tá tionscnamh Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath faoi stiúir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus Institiúid Oideachais Marino, i gcomhar le an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Coláiste Náisiúnta

Ealaíne is Deartha. Le chéile, cuimsíonn na cúig institiúid sin Laighean Cholún 1. I gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus geallsealbhóirí oideachais agus pobail eile, soláthróidh agus comhordóidh Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath coincheap an chláir ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. Is iad na haidhmeanna uileghabhála leis an tionscnamh pobail foghlama inbhuanaithe ó ghlúin go glúin a bhunú sa chathair agus oibriú i dtreo straitéis a fhurbairt chun gradam Chathair Foghlama UNESCO a bhaint amach do Bhaile Átha Cliath. Bhí Féile thosaigh na Cathrach Foghlama ar siúl ón 8-12 Aibreán 2019. Bhí 150 imeacht saor in aisce san fhéile, lena n-áirítear ranganna teagaisc tógála físeán gréasáin, ranganna potaireachta, malartuithe comhráite Spáinnise/Béarla, réamheolas ar na meáin shóisialta, ranganna snámha, ranganna ríomhairí do thosaitheoirí, aontaí printíseachta, eolas faoi scoláireachtaí 1916 agus go leor eile. Chuir Institiúid Oideachais Marino trí imeacht le clár na féile. Thionól Shauna Cassidy ceardlann eolais ar Sparánachtaí 1916; Sholáthair Michael Flannery agus Mark Joyce ceardlann déanta leabhar; agus thionóil Caoileann Ní Dhonnchadha ranga Damhsa Sean-Nós do Thosaitheoirí trí mheán na Gaeilge.

6.6 EDMUND RICE EDUCATION BEYOND BORDERS (EREBB)



Tairgeadh an clár Ceannaireachta ar Líne ‘*Edmund Rice Education Beyond Borders*’ (EREBB) faoi dhó le linn na bliana acadúla 2018/19 (Meán Fómhair – Eanáir agus Eanáir – Bealtaine). Chláraigh 80 rannpháirtí ón Astráil, ó Cheanada, ó India, ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann, ó Afraic Theas agus ó Ríocht Aontaithe leis an gclár ar líne i mbliana. Ba é próifíl na rannpháirtithe príomhoidí bunscoile agus meánscoile, múinteoirí bunscoile, múinteoirí ábhar éagsúil ar an leibhéal meánscoile, riarthóirí scoile agus i mbliana chuir ball d’Fhorbairt Edmund Rice agus ball d’Fhoireann Acmhainne Misin Edmund Rice an clár i gcrích. Bhí an deis ag rannpháirtithe

nascadh le chéile agus a léargas agus a ndúshláin a phlé le chéile ar fhóraim éagsúla phlé ar fud an chláir, a bhain le luachanna oideachais Edmund Rice, ceartas sóisialta agus abhcóideachta shóisialta agus ceannaireacht spioradálta. Ba í an Dr Aiveen Mullally a mhodhnaigh an clár agus bhí sé ina comhéascaitheoir chomh maith ar an bhfoireann eagrúcháin maidir le Siompóisiam tosaigh Idirnáisiúnta um Cheannaireacht Edmund Rice, a bhí ar siúl in Líoma, Peiriú ó 19 Meitheamh go 4 Iúil 2019. Féachadh sa Siompóisiam le cumaí cheannaireachta bunaithe ar charasma na bpriomhdhaoine in oideachas agus ministreachta Edmund Rice a threisiú agus a fhurbairt.

6.7 CÚRSAÍ SAMHRAIDH



Bhí Clár Cúrsaí Samhraidh na hInstitiúide ar siúl ó 1 go 5 Iúil agus ó 19 go 23 Lúnasa. Soláthraíodh cúrsaí ar líne ón 1 go 26 Iúil. Ar an iomlán, cuireadh 17 gcúrsa ar bhonn aghaidh le haghaidh agus cúig chúrsa ar líne ar fáil. I measc cuid de na cúrsaí a cuireadh ar fáil bhí: *Walking on Sunshine: An Assortment of Visual Arts*

Responses to Summertime Artworks; Only Sometimes Speaking Whale! – A Reflective Practice Space; Nurturing Wellbeing through Mindfulness; Teachers and the Law; Digital Technologies for Teaching, Learning, Leadership and Management in the Primary School; agus Gaeilge Neamhfhoirmiúil.

6.8 INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO, COLÁISTE NA TRÍONÓIDE AGUS MÚSAEM REILIG GLAS NAÍON



I 2015 chomhbhunaigh lontaobhas Ghlas Naíon agus Coláiste na Tríonóide Ollúnacht Chúnta sa Stair Phoiblí, lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, chun áiseanna stairiúla na reiligí a fhorbairt agus chun iad a chur ar fáil do thaighdeoirí, do scoláirí agus do mhúinteoirí. An bhliain ina dhiaidh sin, tháinig líon ollmhór de thurais scoile go Músaem Reilig Ghlas Naíon agus d'iarr an Músaem ar IOM tacaíocht oideolaíoch a thabhairt don tionscnamh. As an gcomhpháirtíocht sin idir na trí eagraíocht, d'eascair an cúrsa samhraidh do mhúinteoirí bunscoile, *Heritage, Memory and Landscapes in Modern Ireland*. Thug an cúrsa sin, a réachtáladh i samhradh 2017 agus 2018, deis ar leith do rannpháirtithe fiosrú a dhéanamh ar Reilig agus ar Músaem Bhaile Átha Cliath, agus ar Dhún Richmond. Le linn do na rannpháirtithe a bheith ag fiosrú na

dtimpeallachtaí sin le saineolaithe áitiúla agus ag idirghníomhú le staraithe gairmiúla, d'fhorbair siad scileanna a bhaineann le bheith ag obair mar staraithe. Spreagadh na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhfeadfaidís paistí a spreagadh ceisteanna a chur, machnamh criticiúil a dhéanamh, foinsí fianaise a mheas agus peirspictíocht a fhorbairt, agus na scileanna thusa a úsáid chun argóintí a dhéanamh ar son a dtuairimí agus a mbreithiúnas. Tá an caidreamh uathúil seo idir na trí institiúid ag fás agus ag forbairt le deiseanna eile taighde, mar shampla, an Dr. Karin Bacon ag tabhairt páipéis in Eanáir 2018 i sráth chainteanna an gheimhrídh Mhúsaem Ghlas Naíon agus tá siompósíam dar teideal, ‘My Primary School is at the Museum’ beartaithe le bheith ann i nDeireadh Fómhair 2019.

07

EAGRÚ & RIALACHAS

MARINO INSTITUTE OF EDUCATION
ISTITUTO DI DIDATTICA MARINO



7.1 BORD RIALAITHE

I ndiaidh bhunú an Comhiontaobhais, rinneadh athbhreithniú ar an lonstraim Rialachais (2016), agus déantar foráil ann i leith Bord Rialaithe a cheapadh chun údarás na nlontaobhaithe laistigh den Institiúid a chomhlíonadh. Áirítear ar fhreagairt aí an Bhoird Rialaithe córas a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas, oiliúint, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara na hInstitiúide, agus a cálíocht a chinntiú. Is é príomhfheidhm an Bhoird Rialaithe an treo straitéiseach a leagan amach agus gnóthaí uile na hInstitiúide a rialáil agus a rialú i gcomhréir le rúin na nlontaobhaithe, arna léiriú sna Prionsabail Treorach.

Tagann an Bord Rialaithe le chéile sé huairé in aghaidh na bliana acadúla.

7.1.1 BALLRAÍOCHT DEN BHORD RIALAITHE

An tOllamh Linda Hogan
(Cathaoirleach 2017, ballraíocht 2013-)

Jim Bradley (2013-2019)

Catherine Byrne (2015-2019)

An tOllamh Lorna Carson (2018-2019)

An Seán Delaney (2017-2019)

Ciarán Fogarty (2010-2019)

An Bráthair Denis Gleeson (2013-2019)

Karen Herbert (2017-2019)

Ferdia Kelly (2016-2018)

An Dr. Jude Lal Fernando (2013-2019)

An Dr. Kevin Marshall (2013-2019)

An Dr. Gene Mehigan (2004-2019)

An tOllamh Chris Morash (2013-2019)

Steven Murphy (Ionadaí Mac Léinn)
2018-2019

Muireann Ní Mhóráin (2013-2019)

An tOllamh Vincent Wade (2013-2019)

An Dr. Teresa O'Doherty, Uachtaráin (2018-2019), agus Craig Larner, Príomhoifigeach Airgeadais, ag freastal, ex officio, ar chruinniú an Chomhlachta Rialaithe.

7.1.2 TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS AN BHOIRD RIALAITHE

Is é beartas na hInstitiúide go bhféadfáí cúiteamh a thabhairt do chomhlachtaí neamhfhoirne an Chomhlachta Rialaithe as speansais ar bith a thabhaítear i seirbhís na hInstitiúide. Ba é €208 iomlán na speansas sin sa bhliain. Ní fhaigheann comhlachtaí an Chomhlachta Rialaithe luach saothair ar bith as a seirbhísí mar chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe.

Ballraíocht den Bhord Rialaithe



7.2 FEIDHM AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Tá feidhm Phríomhfheidhmeannach na hInstitiúide ag Uachtarán na hInstitiúide. Ceapadh an Dr. Teresa O'Doherty mar Uachtarán na hInstitiúide i ndiaidh don Ollamh Anne O'Gara éirí as i mí na Bealtaine 2018. Agus í ina hoideoir agus scoláire múinteoirí ar feadh níos mó ná fiche bliain, cháiligh an Dr O'Doherty mar mhúinteoir bunscoile in 1984 (Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach). Rinne sí a Máistreacht san Oideachas ag Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad in 1989 agus bronnadh a PhD san Oideachas uirthi ó Ollscoil Luimnigh in 1997. Theagaisc sí ar dtús i Scoil Náisiúnta Cáilíní O'Hely agus O'Rourke, Cill Mocheallóg (1984-1991) sular ceapadh í sa Mhodh Scoil, Bealach Uí Chonaill, Luimneach (1991-1997).

Bhí post buan mar léachtóir san Oideachas ag an Dr. O'Doherty ag Ollscoil Luimnigh ó 1997-2003 agus ceapadh í mar Léachtóir Sinsearach ag Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach in 2003. Rinneadh Príomhléachtóir agus Ceannaire na Dáimhe Oideachais di ansin in 2005, post a bhí aici go dtí gur ceapadh í in Institiúid Oideachais Marino.

Is comhalta í an Dr. O'Doherty de réimse leathan coistí acadúla, gairmiúla agus riarracháin ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Ba Chomhchathaoirleach an Deiscirt í de chuid SCoTENS (Buanchomhdháil maidir le hOideachas Múinteoirí sa Tuaisceart agus sa Deisceart) ó 2009-2013 agus tá sí ina comhalta anois de Choiste

Stiúrtha SCoTENS. Bhí sí ina sainchomhalta ar dtugadh cuireadh di de Choiste Luath-Óige agus Bunscoile CNCM (2008-2018), agus bhí sí ina Comhchathaoirleach ar Incredibile Years, Luimneach (2013-2018). Cheap an Comh-aireacht í chomh maith mar chomhalta de Choimisiún na Scrúduithe Stáit (2015-2019). Roghnaigh a piaraí an Dr. O'Doherty mar Leas-Uachtarán ar Chumann Léann Staideáir na hÉireann in 2017. Bhí ceapachán mar Scrúdaitheoir Seachtrach aici chomh maith in Albain, Tuaisceart Éireann, Sasana agus Éirinn.

Tá suimeanna taighde an Dr. O'Doherty sa réimse oideachais múinteoirí agus stair an oideachais. I measc a foilseachán le déanaí bhí:

O'Doherty, T. agus Harford, J. (2018) *Teacher recruitment: reflections from Ireland on the current crisis in teacher supply*. European Journal of Teacher Education, 41(5) 654-669.

O'Donoghue, T., Harford, J. agus O'Doherty, T. (2017) *Teacher Education in Ireland: History, Policy and Future Directions*. Bingley: Emerald Publishing.

O'Doherty, T. agus Harford, J. (2017) 'Building Partnerships in Irish Teacher Education – A Case Study'. In M. Peters, B. Cowie, I. Menter (Eds), *A Companion to Research in Teacher Education*. Springer, an Ísiltír.

“

Ceapadh an Dr. Teresa O'Doherty mar Uachtarán na hInstitiúide i ndiaidh don Ollamh Anne O'Gara éirí as i mí na Bealtaine 2018.

”




7.3 ATHBHREITHNIÚ EAGRAÍOCHTÚIL



In mí na Samhna 2018, sholáthair Deloitte athbhreithniú neamhspleách ar dhearadh eagraíochtúil Institiúid Oideachais Marino. Áiríodh leis an athbhreithniú measúnú ar struchtúr foirne ceannaireachta agus struchtúr eagraíochtúla, chomh maith le hathbhreithniú ar ról na bhfeidhmeanna láraithe agus díláraithe. Rinne Deloitte agallaimh ar bhonn duine le duine le baill foirne shinsearacha agus thionól sé roinnt ceardlanna foirne. Bhreithníogh Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide na moltaí

a tháinig as an athbhreithniú, agus chinn sé na hathruithe a moladh a chur chun feidhme ar an dearadh eagraíochtúil agus ar an struchtúr bainistíocha. Indiaidh céim eile comhairliúchán foirne, cuireadh próiseas bainistíocha agus cumarsáide athraithe chun feidhme lena chinntiú go mbeadh an t-aistriú chuig na struchtúir úra curtha i gcrích roimh thuis na bliana acadúla 2019/20. Is féidir na struchtúir eagraíochtúla úra a tháinig as an athbhreithniú a fheiceáil i Léaráid 1 thíos.



Léaráid 1 Struchtúr Eagraíochtúil IOM

7.4 TOSAÍOCHTAÍ 2018 – 2019



Shainaithníodh an Bord Rialaithe roinnt príomhthosaíochtaí don Institiúid in 2018/2019:

Priority	Action
Earcaíocht leanúnach na foirne acadúla agus tacaíochta, chun teacht in aonad baill foirne a bhí ag fágáil agus chun soláthar a dhéanamh don fhás leanúnach i lín na mac léinn ar chláir úra agus ar chláir a seoladh le déanaí.	Rinne an Institiúid roinnt príomhcheapachán ina foireann acadúil agus ina foireann tacaíochta le linn 2018/2019: Ceann na Seirbhísí Leabharlainne (ionadaí do bhall foirne a bhí ag éirí as), agus ceithre bhaill foirne lánimseartha ar ghrád Léachtóra - beirt acu don BSc. Clár an Léinn Oideachais (poist úra) agus dhá cheann don BSc. Clár Oideachas na Luath-Óige (ionadaithe do phoist a bhí folamh le linn na bliana). Mar thoradh ar an athbhreithniú eagraíochtaí, cruthaíodh dhá phost úra: Ceannaire na hOfíge Oideachais (post inmheánach ardú céime) agus Déan Taighde. Rinneadh iarracht chomhpháirteach baill foirne acadúla bhreise a shainaithint don Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge. Cruthaíodh trí phost Leas-Uachtaráin agus dhá phost Déin Acadúla ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí, mar thoradh ar an athbhreithniú, agus lónadh iad go hinmheánach.
Athchóiriú leanúnach ar an gcóiríocht mac léinn ar an gcampas.	Síniódh conarthaí le haghaidh céim 2 d'oirbreacha an tsamhraidh do chóiríochta na mac léinn ar an gcampas agus cuireadh túis le hobair ar an 4 Meitheamh.
Ullmhú don chéad Athbhreithniú Éifeachtúlachta agus Cailíochta Institiúide mar 'soláthraí nasctha' Choláiste na Tríonaíde, agus chéad Athbhreithniú tréimhsíúil an Chláir B.Sc sa Léann Oideachais, an dá cheann le déanamh i gcomhréir le QQI agus riachtanais um chreidiúnú choláiste comhlachais na Tríonaíde.	Rinneadh obair shuntasach ullmhúcháin don athbhreithniú ar an 'soláthraí nasctha'. Cuireadh Athbhreithniú tréimhsíúil an Chláir B.Sc sa Léann Oideachais i gcrích go rathúil.
Cur chun cinn cúrsaí éagsúla rialála agus rialachais i gcomhréir le ceanglais rialála agus leis an dea-chleachtas.	Shainaithin agus phléigh an Institiúid príomhchúrsaí rialála, rialachais agus reachtacha. Bunaíodh clár riosca ar an leibhéal institiúide agus roinne. Tugadh am agus iarracht shuntasach dá chinntiú go bhfuil an leibhéal is airde cosanta agus cumhdaigh leanaí i bhfeidhm ar fud na hInstitiúide. Tá obair lena chinntiú go gcomhlíonfar an RGCS ar siúl.
Réamhobair ullmhúcháin ar phlean straitéiseach úr, lena chur in ionad Phlean Straitéiseach 2015-2020.	Rinneadh athbhreithniú ar fud na hInstitiúide maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo i ndáil leis an bplean straitéiseach reatha.
Bainistíocht leanúnach chúramach ar airgead na hInstitiúide.	Lean an Institiúid ag feidhmiú go brabúsach in 2018/2019.
Fás leanúnach ar líon na mac léinn.	Tháinig méadú 13% ar líon mhic léinn na hInstitiúide in 2018/2019.
Feabhas leanúnach ar eispéireas na mac léinn ag an Institiúid.	Rinneadh obair chun líon na spásanna mac léinn comhoibríoch ar an gcampas a mhéadú, lena n-áirítear an dara saotharlann SESE/Eolaíochta, chun freastal ar an ngá atá ag méadú ón mBunchlár Idirnáisiúnta, go háirithe.
Tuilleadh forbairt straitéiseach ar chórais TFC	I ndiaidh cibear-iniúchta arna dhéanamh ag Deloitte, cuireadh túis le tionscadail úra i ndáil le slándáil TF, neáilstóráil agus seirbhísí cultaca. Cuireadh Windows 10 ar gach measín mic léinn agus tá an tionscadal sin á chur i bhfeidhm i measc na foirne anois. Tá sé le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2019.

7.5 AIRGEADAS



7.5.1 NUASHONRÚ AIRGEADAIS

	2016/17	2017/18	2018/19 (Réamhaisnéis)
Ioncam lomlán (€'000s)	10,231	11,730	14,310
Líon na Mac Léinn	835	849	1,041

Áirítear ar ioncam tuartha 2018/19 maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh cláir ITE de €5.16 (35.8%), táillí teagaisc /ranníocaíochtaí mac léinn de €5.11 (36%) agus ioncam eile de €4.04 (28.2%).

7.5.2 COISTE AIRGEADAIS

Tagann an Coiste Airgeadais le chéile go rialta agus roimh gach cruinniú de chuid an Chomhlachta Rialaithe.

Comhaltaí: Catherine Byrne (Cathaoirleach), Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; Karen Herbert, Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; an Dr. Teresa O'Doherty, Uachtaráin; Craig Larner, CFO.

7.5.3 AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile thart ar trí huaire in aghaidh na bliana nó de réir mar is gá.

Comhaltaí: Jim Bradley (Cathaoirleach), Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; an Dr. Kevin Marshall, Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; an Bráthair Denis Gleeson, Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; an Dr. Teresa O'Doherty, Uachtaráin; Craig Larner, CFO.

7.6 COMHAIRLE ACADÚIL



Tagann Institiúid Oideachais Marino le chéile trí huaire in aghaidh na bliana acadúla. Áirítear ar na baill:

An Dr. Teresa O'Doherty, Uachtarán (Cathaoirleach); an Dr. Seán Delaney, Cláraitheoir; Kevin Marshall, Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; Muireann Ní Mhóráin, Comhalta den Chomhlacht Rialaithe; Ionadáí Aontas Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino.

7.7 FOIREANN CEANNAIREACHTA



Tugann an Fhoireann Ceannaireachta comhairle don Uachtarán agus tháinig siad le chéile gach coicís le linn 2018-19. Áirítear ar na baill:

An Dr. Teresa O'Doherty (Uachtarán), an Dr. Seán Delaney (Cláraitheoir), Craig Larner (Príomhoifigeach Airgeadais), an Dr. Gene Mehigan (Príomh-Léachtóir), Ciarán Fogarty (Bainisteoir Comhdhála) agus Niall O'Neil (Bainisteoir AD).



www.mie.ie

 [marinoinstituteofeducation](#)

 [@MarinoInstitute](#)

 [marino-institute-of-education](#)



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin